Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

# Plean Corparáideach
2025-2029






## CILL DARA

Todhchaí inbhuanaithe a chruthú agus caighdeán beatha na ndaoine go léir i gCill Dara á fheabhsú ag an am céanna.







*Íomhánna Clúdaigh:*

*Bríd 2025*

*Páirc Bhaile Chairdif*

*Taisteal Gníomhach*

*Leabharlann Bhaile Átha Í*

*Páirc Bhaile Chairdif*

## Fiosruithe

Chun faisnéis a fháil faoin doiciméad seo déan teagmháil le:

Comhairle Contae Chill Dara
Páirc Uí Dhubhuí, An Nás, Co. Chill Dara W91 X77F
Fón 045 980200
customerservice@kildarecoco.ie

© 2024 Comhairle Contae Chill Dara

# Clár na nÁbhar

**Réamhrá**

Brollach 5

Maidir leis an bPlean seo 8

Ár bhFís & Ár Misean 9

**Contae Chill Dara;**

Maidir le Contae Chill Dara 10

**Éachtaí roimhe seo & Pleanáil don Todhchaí**

Breathnú siar – Éachtaí 2019-2024 14

Breathnú chun tosaigh – Timpeallacht inmheánach agus sheachtrach 33

**Timpeallacht Oibriúcháin**

Cumas, Costais agus Daoine 40

Struchtúr Eagraíochtúil agus Oibríochtúil 48

**Bonn Eolais a chur faoin bPlean Corparáideach**

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 51

Dualgas na hEarnála Poiblí 53

I d'Fhocail Féin – Achoimre ar Chomhairliúchán 57

Ár mBunluachanna 58

Spriocanna Straitéiseacha 60

Straitéisí Tacaíochta 62

**Á Chur i nGníomh**

An Plean seo a Chur i bhFeidhm - Rialachas, Cur Chun Feidhme, Tuairisciú 71

**Aguisíní**

Aguisín 1: Do Chomhaltaí Tofa agus do Cheantair Bhardasacha 80

Aguisín 2: Tuarascáil Chomhairliúcháin 82

Aguisín 3: Straitéisí agus Pleananna a Imríonn Tionchar ar Rialtas Áitiúil 90

Aguisín 4: Táscairí Feidhmíochta agus Sonraí Bonnlíne 94

Aguisín 5: Comhaontuithe ar an Leibhéal Seirbhíse 105

**Gluais** 106



# Réamhrá

*Bealach na Canála Móire, Na Solláin, Co. Chill Dara*



## Comhréamhrá

Tá Plean Corparáideach Chomhairle Contae Chill Dara múnlaithe ag comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus pléitear ann na príomhthosca a imreoidh tionchar ar ár gcuid gníomhartha suas go dtí 2029. Léirítear leis an tiomantas atá againn chun contae cuimsitheach agus inbhuanaithe a dhéanamh de Chontae Chill Dara, rud a chabhróidh le caighdeán beatha gach uile dhuine a fheabhsú.

Leanann Comhairle Contae Chill Dara uirthi ag cur leasuithe an Rialtais chun feidhme, le béim ar Straitéis Seirbhísí Poiblí Níos Fearr. Agus ár bPlean á chur i bhfeidhm againn, seasfaimid le proifisiúntacht, solúbthacht agus nuálaíocht, agus ag an am céanna, díreoimid ar fhreagrúlacht, iontaofacht, ionracas, oscailteacht agus cothroime.

Tá ceangal iontach domhain idir oibríochtaí Chomhairle Contae Chill Dara agus ár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear ionadaithe tofa, gníomhaireachtaí stáit/leathstáit, grúpaí pobail áitiúla, agus eagraíochtaí ar nós an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN), an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC), agus Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPC). Tá comhthionscnaimh leanúnacha riachtanach chun ár bhfís a bhaint amach de réir mar atá dúshláin ag dul i méid. Mar sin féin, tá buanna suntasacha i gContae Chill Dara agus tá suíomh straitéiseach aige a fhágann gur féidir leis leas a bhaint as a chuid deiseanna. Is féidir teacht ar fhaisnéis faoi na buanna sin sa mhír 'Maidir le Cill Dara' agus san anailís BDDB (Buanna, Dúshláin, Deiseanna agus Bagairtí) atá laistigh den Phlean seo.

Tháinig méadú 25,000 duine ar dhaonra an Chontae idir 2016-2022, rud atá chun tosaigh ar threochtaí náisiúnta. Leis an méadú tapa agus faidréiseach sin ar dhaonra agus lenár suíomh i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, tá brú á chúr ar sheirbhísí, tá an t-éileamh ar thithíocht agus tá costais ag ardú.

Cé gur tréimhse cúig bliana príomhbhéim an phlean seo, beidh tionchar ar na glúnta amach romhainn ag cinntí a bhaineann lena chur chun feidhme. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gContae Chill Dara; i bhfianaise go bhfuil an dara haois mheánach is óige aige sa Stát. Is é an daonra óg atá againn a spreagann an t-éileamh ar áiseanna don óige, spásanna áineasa agus seirbhísí oideachais agus sóisialta.

Táthar ag tuar go ndéanfar dúbláil ar líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sa chontae atá 65 bliana d'aois agus os a chionn faoi 2040, sin breis is 60,000 duine, rud a spreagann muid cláir aoisbhbháúla a leabú ar fud na heagraíochta. Agus líon na ndaoine ag méadú a fhéindearbhaíonn go bhfuil míchumais orthu, agus chomh maith leis an tuar go mbeidh ár ndaonra ag dul in aois, beidh inrochtaineacht ina cloch mhór ar ár bpaidrín. Ag féachaint dár ndaonra ilghnéitheach atá ag fás i gcónaí, tá sé riachtanach go bhforbraítear pobail athléimneacha leis an bplean seo, pobail a thacaíonn le gach duine chun saol iomlán, sláintiúil agus ionchuimsitheach a chaitheamh agus caighdeán ard beatha a bheith acu ag gach tráth de.

*I gcroílár ár ngníomhartha uile tá an riachtanas chun dul i ngleic le dúshlán an athraithe aeráide. Léireoidh an Chomhairle seo ceannaireacht maidir leis an aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh ná bithéagsúlachta de, inbhuanaithe agus neodrach ó thaobh na haeráide de.*

Táimid ag obair le gach páirtí leasmhar chun ár bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP), agus ár Straitéis Eacnamaíochta a chur i gcrích, agus é mar aidhm againn contae atá bríomhar ó thaobh eacnamaíochta de, atá ionchuimsitheach agus a mheallann acmhainní agus infheistíocht le haghaidh fás inbhuanaithe, a chruthú.

Leanfar le moil chomhoibrithe a fhorbairt, chomh maith le tionscnaimh bhuanaithe amhail Spás Machnaimh Nuálaíochta Réigiúnach an Lár-Oirthir (An Nás), an Mol Eachaí (An Ghraí Náisiúnta, Cill Dara), an Mol Bia & Nuálaíochta (Baile Átha Í), agus an Mol Teicstíle (Mainistir Eimhín).

Tacaítear le fostaíocht áitiúil má fheabhsaítear an bonneagar agus má chuirtear iompar inbhuanaithe chun cinn, rud a chuireann buntáistí ar fáil trí chomaitéireacht a laghdú agus trí bhailte agus sráidbhailte a athbheochan. Leanfaimid orainn ag cur Tús Áite do Lár Baile agus pleananna athnuachana chun feidhme, rud a chuirfidh spásanna poiblí nua ar fáil agus a chuirfidh feabhas ar thurasóireacht le glasbhealaí canála agus Gormbhealach na Bearú.

Tá struchtúr uirbeach Chill Dara uathúil agus tá 7 mbaile aici a bhfuil daonra de bhreis is 10,000 duine acu. Is féidir le bailte den mhéid sin cur isteach ar an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (CAFU) – mar sin féin, i gCill Dara, tá tionscadail agus bailte in iomaíocht le haghaidh an mhaoinithe chéanna, rud a chruthaíonn dúshláin.

Léiríonn na haibhneacha, na canálacha agus na línte iarnróid inár gcontae na deiseanna dearfacha turasóireachta agus iompair atá ar fáil, mar sin féin, cruthaíonn siad dúshláin maidir leis an mbonneagar riachtanach a fhorbairt, rud atá riachtanach chun bailte atá ag fás a cheangal le chéile, leithéidí droichead, conairí soghluaisteachta agus iompair phoiblí.

I gcroílár ár ngníomhartha uile tá an riachtanas chun dul i ngleic le dúshlán an athraithe aeráide. Léireoidh an Chomhairle seo ceannaireacht maidir leis an aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh ná bithéagsúlachta de, inbhuanaithe agus neodrach ó thaobh na haeráide de.

Ós rud é gur anseo atá an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide san Oirthear agus i Lár na Tíre (CARO), is féidir linn comhoibriú le 17 n-údarás áitiúla ar a bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide. Tá sé riachtanach prionsabail ghníomhaithe ar son na haeráide agus inbhuanaitheachta a dhaingniú inár ngníomhartha agus ár mbonneagar trí chéile san aistriú chuig sochaí ísealcharbóin. Tugaimid tacaíocht don nuálaíocht freisin trí úsáid a bhaint as Crios Dícharbónaithe Mhaigh Nuad mar mhúnla do cheantair eile.

Cuirfimid le hacmhainn phobail trí oiliúint aeráide, feasacht agus maoiniú, agus ag an am céanna cuirfimid ár dtiomantas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna NA) chun cinn agus déanfaimid tuairisciú ar ár ndul chun cinn ina leith.

Cuirfimid lenár gcomhthionscnaimh le Biúró Fuinnimh an Lár-Oirthir agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun saineolas a mhéadú agus tionscnaimh a reáchtáil ar bhonn píolótach chun laghdú fuinnimh a bhaint amach, inár bhfoirgnimh agus inár n-oibríochtaí.

Chun an plean seo a chur chun feidhme, leanfaimid orainn ag tacú lenár gComhaltaí Tofa ina ról ríthábhachtach sa daonlathas áitiúil agus beimid nuálach chun cumarsáid a fheabhsú agus an tionchar ag ár bhfoireann, ár n-airgead agus ár seirbhísí a uasmhéadú.

Tá ár gComhaltaí Tofa agus ár bhfostaithe, in éineacht le páirtithe leasmhara ó ghníomhaireachtaí agus ón bpobal tiomanta do chomhsprioc an chomhoibrithe, chun an caighdeán beatha sa chontae iontach seo, contae atá ag fás i gcónaí, a fheabhsú do na glúnta atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo.



Sonya Kavanagh
**Príomhfheidhmeannach**



An Clr Kevin Duffy
**Cathaoirleach**

# Maidir leis an bPlean seo

**Fáilte chuig Plean Corparáideach Chomhairle Contae Chill Dara.**

Leagtar amach sa phlean seo treoir straitéiseach Chomhairle Contae Chill Dara don tréimhse 2025 –2029 agus ullmhaítear é i gcomhréir le

- An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001
- An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014
- Treoirlínte na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- Athbhreithniú an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) ar Phleananna Corparáideacha Údarás Áitiúil, 2019-2024

Aithnítear sa Phlean seo beartais Náisiúnta agus Eorpacha agus pleananna maidir lenár gcuspóirí tosaíochta sna chéad chúig bliana eile.

> Is é cuspóir ár bPlean Chorparáidigh ná an fhís atá againn do Chontae Chill Dara a leagan amach agus an méid a dhéanfaimid, i gcomhar le páirtithe leasmhara, chun an fhís sin a chur i bhfeidhm. Leagtar amach sa phlean freisin na luachanna atá ag déanamh eolais dár gcur chuige.

Istigh ann freisin, tá anailís ar ár dtimpeallacht oibriúcháin, chomh maith leis na dúshláin, deiseanna agus bagairtí atá ar ár gcumas spriocanna straitéiseacha a chur i bhfeidhm sna chéad chúig bliana eile.

Á aithint dúinn gur féidir éilimh nua teacht chun cinn thar na chéad cúig bliana eile, tá creat láidir rialachais, athbhreithnithe agus tuairiscithe mar bhonn taca lenár bPlean Corparáideach, faoi mar atá leagtha amach sa Roinn "An Plean seo a Chur i bhFeidhm".

Is féidir fanacht ar an eolas maidir le cur i bhfeidhm chuspóirí ár bPlean Chorparáidigh toisc go bhfoilsímid preaseisiúintí agus tuairiscí chun dáta go rialta ar **www.kildarecoco.ie,** ár gcainéil ar na meáin shóisialta, agus sna tuarascálacha a chuirtear ar fáil do chomhaltaí tofa Chontae Chill Dara.





# Ár bhFís agus Ráiteas Misin

## Ár bhFís

Todhchaí inbhuanaithe a chruthú agus caighdeán beatha na ndaoine go léir i gCill Dara á fheabhsú ag an am céanna.

## Ráiteas Misin

Caighdeán beatha gach duine a fheabhsú chun **an bealach a réiteach le haghaidh todhchaí atá inbhuanaithe agus ionchuimsitheach**.

Déanaimid ár ndícheall chun bonneagar agus seirbhísí atá éifeachtúil agus nuálach a chur ar fáil, fás cothromaithe a chothú agus pobal nasctha agus bríomhar a chruthú trí chomhpháirtíochtaí comhoibritheacha agus trí rannpháirtíocht phobail.

I gcroílár a ndéanaimid tá tiomantas chun leas gach duine i gContae Chill Dara a dhéanamh.





# Maidir le Cill Dara

*An Currach, Droichead Nua, Co. Chill Dara*

*Tá Contae Chill Dara ar cheann de na contaetha is mó fáis in Éirinn*



Tá Contae Chill Dara i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus ós rud é gur mol mór iompair é do roinnt mhaith den chuid eile den tír ó thaobh nascacht mótarbhealaigh agus iarnróid de, is suíomh tábhachtach é maidir le hinfheistíocht.




**Daonra Chontae Chill Dara, 2022:**

**247,774**

**(+25,644 ó 2016)**

| | |
|---|---|
| Droichead Nua | **24,366** |
| An Nás | **26,180** |
| Cill Droichid | **20,601** |
| Léim an Bhradáin | **16,733** |
| Maigh Nuad | **17,259** |
| Baile Átha Í | **11,085** |
| Cill Dara | **10,302** |
| Claonadh | **8,152** |
| Cill Choca | **8,674** |
| Na Solláin | **6,269** |
| Mainistir Eimhín | **5,307** |

# Ár Muintir, Ár gContae

## Déimeagrafaic

### Daonra in 2022

247,774

4.8% den Stát (5.14m)

4ú daonra is airde sa Stát

| | |
|---|---|
| 2022 | 247,774 |
| 2026 | 254,500 |
| 2031 | 266,500 |

Meastacháin daonra bunaithe ar Réamh-mheastacháin Áite Daonáireamh-Ainmnithe (CDP) agus ar Réamh-mheastacháin an Chreata Náisiúnta Pleanála (CNP) le haghaidh Chontae Chill Dara

### Daonra de réir Réigiúin




### Aois Mheánach an Daonra

36.9

| | |
|---|---|
| 21.5% (53,377) | Aois 0-14 |
| 66.5% (164,677) | Aois 15-64 |
| 12% (29,720) | Aois 65+ |

### Daonra de réir an Cheantair Gheografaigh

Uirbeach: 69.9% ina gcónaí i mbailte (173,265)

An Tuath: 30.1% ina gcónaí i gceantair thuaithe (74,509)

## Ár bPobal

### Na Trí Náisiúntacht is Airde

- Eile AE27 (10,192)
- An Pholainn (5,586)
- An Ríocht Aontaithe (3,177)

11.4% Náisiúnaigh Neamh-Éireannacha

### Daoine a chuireann cúram neamhíoctha rialta ar fáil

13,032

5.3% den daonra iomlán

### Daoine atá ina gCónaí ina nAonar

14,179

17.1% den daonra i dTeaghlaigh Phríobháideacha

### Díothacht Pobal HP

21,270

8.6% den daonra ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste

### Daoine a bhfuil Sláinte Mhaith acu

213,182

86.0% den Daonra

### Daoine faoi Mhíchumas

50,502

20.4% den Daonra

## Tithíocht

### Stoc Tithíochta & Teaghlaigh Phríobháideacha

82,793 Teaghlaigh

88,997 Stoc Tithíochta

Sprioc Tithíochta (2029) +9,144

Folúntas Tithíochta 5%

### Tionacht Tithíochta

- 71% Úinéir-Áitithe
- 15% Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos
- 9% Cóiríocht Shóisialta ar Cíos

### Meánmhéid Teaghlaigh

2.99

### Teaghlaigh a bhfuil Fuinneamh In-athnuaite acu

21,526

26%

### Cineál Tithíochta

90% Teach

10% Árasáin

### Praghsanna Díolachán agus Cíosa

€385K Praghsanna Díolachán agus Cíosa

€1,487 Meánphragh as Cíosa





# Cill Dara ó thaobh Uimhreacha

## Oideachas & Obair

### An Leibhéal Oideachais is Airde Críochnaithe

- Tríú Leibhéal: 27.9%
- Meánoideachas: 18.6%
- Ceardoideachas/Printíseacht: 13.6%
- Gan Oideachas Foirmiúil / Bunoideachas: 8%

### Meán-Am Taistil Comaitéirí

33.8 nóiméad

### Sreafaí Comaitéara

53,489 (46.8%) Ag Maireachtáil Ann agus Ag Obair Ann

41,688 (36.5%) Ag Maireachtáil Ann agus Ag Comaitéireacht Amach

25,149 (32%) Ag Maireachtáil Amach agus Ag Comaitéireacht Isteach

### Obair ón mBaile

13,816

7.5% den daonra

### Taisteal go dtí an Obair/Oideachas

| | | |
|---|---|---|
| Carr | 37.3% | 68,132 |
| Siúl/Rothaíocht | 14.6% | 26,688 |
| Iompar Poiblí | 11.6% | 21,198 |

## Geilleagar, Poist agus Ioncam

### Stádas Eacnamaíoch

- 114,829 (92.7%) ag an obair
- 8,999 (7.3%) dífhostaithe
- 22,926 (11.8%) mic léinn
- 25,384 (13.1%) ar scor

### Na 3 Earnáil Fostaíochta is Mó

**Oibrithe Cónaithe**
oibriú i gCill Dara nó ag comaitéireacht amach
114,328

- TFC: 22.6% (25,889)
- Miondíola: 21.6% (24,721)
- Oideachas/Sláinte: 19.6% (22,443)

**Poist Áitiúla**
poist lonnaithe i gCill Dara
78,638

- Miondíola: 22.6% (25,889)
- Oideachas/Sláinte: 21.6% (24,721)
- Déantúsaíocht: 19.6% (22,443)

### Meánioncam Indiúscartha

€23,554

4ú ceann is airde sa Stát

### Fiontair Ghníomhacha

15,372

97% SMEnna

3% Fiontair Mhóra Éireannacha / IDC

## Bonneagar agus Saoráidí

### Meán-am tiomána go dtí Aerfort Bhaile Átha Cliath

Thart ar 45 nóiméad

### Rochtain ar Leathanbhanda

85% de theaghlaigh

### Nascacht

10 pointí naisc

9 moil iargúlta

### Saoráidí Uisce & Fuíolluisce

88.8% 73,304 Teaghlaigh nasctha le Príomhphíobáin Uisce Phoiblí

2.2% 1,842 Teaghlaigh ar an Scéim Fuíolluisce Phoiblí



Droichead na Bearú,
Baile Átha Í, Co. Chill Dara

# Éachtaí & Pleanáil don Todhchaí

# Breathnú siar:

## Éachtaí 2019 – 2024

## **Stiúrthóireacht:** Seirbhísí Corparáideacha, Daoine agus Cultúir

### Cúrsaí Corparáideacha

- Cuireadh clár nua ar líne 'Seiceáil an Clár' chun feidhme – Tá fás de beagnach 18% bainte amach ag Comhairle Contae Chill Dara maidir le líon na dtoghthóirí atá cláraithe ó bhí 2019 ann.
- Bunaíodh aonad Cumarsáide tiomnaithe chun tacú le bainistíocht straitéiseach ár gcumarsáide agus lena cur i bhfeidhm.
- Bunaíodh aonad soláthair nua chun cabhrú leis an bhfoireann le comhlíonadh, feasacht agus oiliúint soláthair, nósanna imeachta a chaighdeánú agus tacú le luach ar airgead.
- Thacaigh Seirbhísí Corparáideacha le huasghrádú cuimsitheach ar Sheomra na Comhairle in 2023, lena n-áirítear córais TF, agus soláthar i bhfeidhm chun tacú le cruinnithe hibrideacha agus craoltaí gréasáin féideartha. Cuireadh tús le beoshruthú chruinniú na Comhairle ar chainéal YouTube de chuid na Comhairle le linn 2024.
- Cuireadh seirbhís chuimsitheach agus inrochtana ar fáil do 40 comhalta tofa i gcúig Cheantar Bhardasacha. Freastalaítear ar beagnach 100 cruinniú reachtúil ina bhfuil comhaltaí tofa in aghaidh na bliana
- Forbraíodh agus cuireadh chun feidhme an Clár Leasanna Réadmhaoine nua.
- Buadh an Gradam um Fheabhas i gCumarsáid Rialtais Áitiúil, 2022, as sraith Podchraoltaí "Plean Forbartha Chontae Chill Dara a Thuiscint".

### Daoine

- Glacadh an chéad Straitéis Folláine do Chontae Chill Dara, i gcomhréir leis an tiomantas leanúnach d'fholláine na foirne.
- In 2023, tugadh isteach Obair Chumaisc ar bhonn foirmiúil nuair a glacadh an Beartas Oibre Cumaisc.
- Cuireadh acmhainní ar fáil do lucht saothair dea-oilte, tacaíodh leo agus coinníodh iad, go háirithe le linn phaindéim covid-19.
- Cuireadh socrúcháin oibre ionchuimsitheacha chun feidhme i gcomhar le gníomhaireachtaí Míchumais.
- Cuireadh an Clár Iarchéimithe agus printíseachtaí údarás áitiúil chun feidhme.
- Cuireadh tús leis an bPlean Fórsa Oibre Straitéiseach.



*Dermot Whelan ag an gComhdháil Sláinte agus Sábháilteachta*



*Leabharlann agus Lárionad Cultúrtha Nua an Náis*



*Leabharlann agus Lárionad Cultúrtha Nua an Náis*



*Straitéis Ealaíon*

## Seirbhísí Cultúrtha

- I ndiaidh cláir chaomhantais, athnuachana agus thógála trí bliana, osclaíodh Leabharlann agus Lárionad Cultúrtha nua an Náis. Leis, cuireadh foirgneamh stairiúil ar ais in úsáid in athuair mar phointe fócais iomráiteach laistigh den phobal. Tá 1,195 méadar cearnach de spás inmheánach i gceist leis, chomh maith le 1,055 méadar cearnach de spás poiblí lasmuigh
- In 2022, tugadh Córas Bainistíochta Leabharlainne náisiúnta (Spydus) isteach agus córas nua áirithinte PC darb ainm Netloan a chuireann eispéireas feabhsaithe úsáideora ar fáil
- Forbraíodh agus foilsíodh *Straitéis Ealaíon na Buanghluaisne* do Chontae Chill Dara, 2023 -2027 a bhfuil sé mar aidhm aici a chinntiú gur contae í Cill Dara ina bhfuil na healaíona faoi bhláth agus iad daingnithe i saolta a pobail
- Bronnadh gradam 'Cothú na nEalaíon' ar Sheirbhís Ealaíon Chill Dara as an 'Tionscnamh Leabhar Nótaí Covid Chill Dara' in 2021 ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil.
- Seoladh Music Generation i gCill Dara le linn 2021
- Samplaí de na tionscnaimh ealaíon poiblí is ea tionscadail Ealaíon Poiblí amhail *The Stones of the Hollow Hill*, an coimisiún um Chéatadán don Ealaín, Páirc Bhaile Chairdif, dealbh *Bill* (Squires) Gannon, Baile Chill Dara agus *Pobal Le Chéile, Ag Foghlaim Le Chéile, Níos Fearr Le Chéile* saothair ealaíne gloine daite i Leabharlann & Lárionad Cultúrtha an Náis.
- Leanann an tSeirbhís Ealaíon uirthi ag comhordú Oíche Chultúir, an t-imeacht poiblí uile-oileáin ina gceiliúrtar cultúr, cruthaitheacht agus na healaíona. Bhain breis is 235,000 duine taitneamh as níos mó ná 320 imeacht saor in aisce, ar fud an chontae
- Sheol an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta an Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2023–2027, a bhfuil sé mar aidhm aici cultúr agus cruthaitheacht a mhéadú, a fheabhsú agus a dhaingniú i gContae Chill Dara

## Inrochtaineacht

- Seoladh Straitéisí Inrochtaineachta Chontae Chill Dara i ndiaidh a chéile
- Osclaíodh roinnt Saoráidí Áiteanna Athraithe atá inrochtana go hiomlán do dhaoine atá faoi mhíchumais chasta laistigh den Chontae – in áiteanna ar nós Áras Chill Dara, Leabharlann & Lárionad Cultúrtha an Náis agus Ionad Spóirt Dhroichead Nua.

## Cúrsaí Corparáideacha

Cuireadh breis agus
**26,000**
toghthóir le Clár na dToghthóirí ó 2019 i leith

Próiseáladh os cionn
**100,000**
cás custaiméirí ar líne ó 2019, 85% laistigh de sprioc-amanna seirbhíse

Próiseáladh breis agus
**25,000**
uiríoll ar líne ó ionadaithe tofa ó 2019 i leith

Déantar freastal bliantúil ar bheagnach
**100**
cruinniú reachtúil dár gcomhaltaí tofa

## Daoine

Ó 2019 go dtí seo Reáchtáladh
**325**
feachtas earcaíochta

Cuireadh
**397**
Cúrsa Oiliúna éagsúla ar fáil don fhoireann ar fad

Freastalaíodh ar
**252**
Comhdháil/Seimineár

**17,979**
cás oiliúna

## Seirbhísí Cultúrtha

**22,381**
imeacht leabharlainne

**1,862,887**
cuairteoir leabharlainne

**+13.4%**
ar bhallraíocht leabharlainne

Tháinig méadú
**265%**
ar iasachtaí ríomhleabhar

Tháinig méadú
**497%**
ar iasachtaí ríomh-chlosleabhar

**367**
Deontas Ealaíon arbh fhiú €585,263 iad

Bhronn Éire Ildánach
**103** Sparánacht arbh fhiú
**€1.2milliún**
san iomlán iad


Tithíocht Ard Sceach


Suiteáladh Bothán Ernest Shackleton in Iarsmalann Shackleton


Ghlasbhealach na Canála Móire




Scoil Chorbáin

## **Stiúrthóireacht:** Tithíocht & Athghiniúint

### Tithíocht

- Glacadh an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe agus cuireadh é i bhfeidhm, a bhfuil cuspóirí aige atá le baint amach gach bliain.
- Cuireadh cláir thógála, fála agus léasaithe ar fáil ar bhonn comhsheasmhach chomh maith leis an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta agus an Scéim Cóiríochta Cíosa.
- Baineadh spriocanna amach faoi scéimeanna tithíochta éagsúla, Atógáil na hÉireann san áireamh; Tithíocht do Chách.
- Bunaíodh foireann Tithíochta Inacmhainne agus glacadh an Scéim Tithíochta Inacmhainne.
- Tá an Clár Aisfheistithe Fuinnimh ag cur uasghráduithe ar fáil do roinnt réadmhaoine in aghaidh na bliana.
- Leathnaíodh amach an soláthar seirbhíse i gcomhréir le Plean Gníomhaithe um Easpa Dídine an Lár-Oirthir lena n-áirítear tacú le teaghlaigh chun cóiríocht éigeandála a fhágáil agus tithíocht agus tionóntachtaí tosaigh le tacaíochtaí uileghabhálacha, tacaíochtaí cothabhála tionóntachta méadaithe agus ceannach réadmhaoine tionónta in situ a chur ar fáil.

### Athghiniúint

- In 2019, bunaíodh an Fhoireann Tionscnamh Straitéiseach & Ríochta Poiblí. Foireann ildisciplíneach is ea í chun tionscnaimh straitéiseacha a chur ar fáil ar fud an Chontae.
  - Cuireadh Páirc Bhaile na Corrchoille i gcrích in 2020.
  - Cuireadh tionscnamh MERITS ar bun i gcomhar leis an Oifig Fiontair Áitiúil.
  - Bainistíodh agus cuireadh i gcrích tionscnamh tógála Ionad Pobail na mBánóg.
  - Cuireadh Tionscnaimh Tairsí i gcrích i gCill Choca agus sa Chorrchoill.
  - Cuireadh athchóiriú Mhargadh na bPrátaí i gcrích agus tá margadh ann anois a reáchtáiltear gach Seachtain ar an Satharn.
  - Pleanáil Chuid 8 curtha i gcrích do Leabharlann & Cartlanna Chontae Chill Dara Céim 1 Chearnóg Mhargaidh Chill Dara; Wonderful Barn; Céim 2 Ghlasbhealach na Canála Móire – tógadh dhá dhroichead breise ar an Scéim.
  - Glasbhealach na Canála Móire: Cuireadh bealach 11km ó Dhroichead an Aighlmearaigh go dtí na Solláin i gcrích i mí na Samhna, 2023 agus droichead coisithe díreach lasmuigh den Scoil sna Solláin mar chuid de. Comhfhiontar idir Comhairle Contae Chill Dara agus Uiscebhealaí Éireann, arna maoiniú ag Bonneagar Iompair Éireann.
  - Coimisiúnaíodh sraith de Mháistirphleananna chun fás inbhuanaithe na mbailte agus na sráidbhailte a stiúradh agus chun cur ar a gcumas a bheith sábháilte mar áiteanna chun maireachtáil, oibriú agus teacht faoi bhláth iontu.
  - Cuireadh tús le tógáil Iarsmalann Shackleton, Baile Átha Í nuair a rinneadh athchóiriú ar an bhfoirgneamh a bhí ann cheana agus tógadh síneadh gloinithe saindeartha ar a chúl.
  - Rinneadh cigireacht ar bhreis is 500 réadmhaoin fholamh/thréigthe agus chuathas i dteagmháil le breis is 150 úinéir, agus cuireadh tús le 37 réadmhaoin a cheannach go héigeantach.


Ionad Oidhreachta Bhaile Átha Í


Gormbhealach na Bearú, Bailte Thaidhg

## Tithíocht

**2,730**
réadmhaoin seachadta faoi Atógáil na hÉireann agus faoi Thithíocht do Chách

**4,250**
measúnú tithíochta déanta

**4,420**
réadmhaoin sóisialta leithdháilte

D'fhág
**657**
teaghlach easpa dídine

**114**
réadmhaoin Tionónta in Situ ceannaithe

## Athghiniúint

**43**
Comhairliúchán poiblí

Maoiniú
**€26.4milliún**
le haghaidh Thionscadail na Ríochta Poiblí

| | |
|---|---|
| 2020 | €2.25milliún |
| 2021 | €16.4milliún |
| 2022 | €645,000 |
| 2023 | €348,000 |
| 2024 | €6.7milliún |







*Buaiteoirí Ghradam Institiúid Phleanála Éireann*



*OFÁ – Teacht le chéile ag Sráidbhaile Chill Dara*

# **Stiúrthóireacht:** Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch agus Seirbhísí Éigeandála

### Pleanáil

- Ullmhaíodh Plean Forbartha Contae Chill Dara, 2023 – 2029, rinneadh comhairliúchán air agus glacadh é. Is é sin an príomhdhoiciméad straitéise a thacaíonn le dea-phleanáil agus forbairt inbhuanaithe talamhúsáide. Mar chuid den chomhairliúchán leathan, bhí roinnt imeachtaí faisnéise ar líne le linn 2021 agus 2022, Mol Comhairliúcháin Fíorúil, Sraith Podchraoltaí agus doiciméid CC.
- I ndiaidh gur glacadh roinnt Pleananna Ceantair Áitiúla le haghaidh bailte sa Chontae idir 2020-2021, bunaíodh foireann nua feidhmithe i mí Feabhra 2023 le haghaidh an Phlean Forbartha Contae agus na bPleananna Ceantair Áitiúla, agus leanfaidh sí uirthi ag forbairt Pleananna nua le haghaidh bailte. I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích go dtí seo:
- Buadh an Gradam um Fheabhas i gCumarsáid Rialtais Áitiúil, 2022, as sraith Podchraoltaí "Plean Forbartha Chontae Chill Dara a Thuiscint".
    - » Foilsíodh Treoirlínte Tréscaoilteachta
    - » Treoirlínte maidir le Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe, lena n-áirítear sraith d'imeachtaí oiliúna
    - » Tionscnamh Suíomhanna Seirbhíse
    - » Córas Pleanála agus Monatóireachta Forbartha Chontae Chill Dara
    - » Máistirphlean le haghaidh Chonfaí, Léim an Bhradáin
- Fuaireamar Gradam Ceaptha Pleananna Institiúid Phleanála Éireann, 2023, as Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha Í agus sraith nua de Phleananna Ceantair Áitiúla le haghaidh Chontae Chill Dara
- Bunaíodh an chéad Aonad Oidhreachta i gComhairle Contae Chill Dara, ina bhfuil ceathrar speisialtóirí, oifigigh Bhithéagsúlachta, Chaomhantais, Oidhreachta agus Éiceolaíochta ina measc.
- I gcomhar leis an bhFoireann Athghiniúna, cuireadh tionscnamh athghiniúna oidhreachtbhunaithe i gcrích i Margadh na bPrátaí, an Nás, trí Thionscnamh na mBailte Stairiúla chun spás nua sibhialta, pobail agus/nó taibhléirithe a chur ar fáil don Nás.
- Tugadh Pleanáil Leictreonach isteach i mí an Mheithimh 2023.

## Fiontraíocht agus Forbairt Eacnamaíoch

- Osclaíodh mol Spáis Machnaimh Nuálaíochta Réigiúnach an Lár-Oirthir in 2021 agus tá sé lánáitithe anois agus tá 12 oifig agus 11 deasc shealaíochta ann a thacaíonn le breis is 76 post i ngnólachtaí teicneolaíochtbhunaithe éagsúla.
- Osclaíodh an Lárionad Nuálaíochta Eachaí Náisiúnta in 2021. Agus é lánáitithe anois ag gnólachtaí a oibríonn in earnáil na teicneolaíochta eachaí, tá trí svuít oifigí aige agus cúig dheasc shealaíochta a thacaíonn le 15 phost.
- Mol Nuálaíochta Bia, Dí agus Scileanna Bhaile Átha Í, faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, a fuair maoiniú ar luach €5.4 milliún idir 2020-2023.
- Faomhadh maoiniú €400,000 chun Banc na hÉireann i Mainistir Eimhín a fháil, rud ar tacaíodh leis faoin mBeart Fála Foirgnimh na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Forbrófar an foirgneamh sin mar mhol do chúrsaí Faisin agus Teicstílí.
- In 2020, bhuaigh QPQ, gnólacht nuathionscanta teicneolaíochta airgeadais, a bhfuil tacaíocht OFÁ aige, Gradam Foriomlán Réigiún an Lár-Oirthir ag na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontair.
- In 2024, ba é DreamDev Technologies, gnólacht ar cliant de chuid OFÁ é atá i mbun nuálaíochta in innealtóireacht bogearraí faoi thionchar IS, buaiteoir foriomlán ag na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontair.
- Mhéadaigh raon feidhme sholáthar na dtacaíochtaí ó mhonarú agus ó sheirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta a d'fhostaigh níos lú ná deichniúr, go gach earnáil ina bhfuil breis is 50 fostaí.
- Mhéadaigh raon feidhme na hoibre chun tacaíochtaí do Thurasóireacht a chuimsiú, agus ceapadh Gníomhachtóir Turasóireachta i mí an Mhárta 2024 faoin Scéim Turasóireachta Athspreagthaí & Comhfhorbartha Áite.
- Rinneadh tairiscintí do bhreis is 399 gnólacht i dtaca le Shopfront, deontais mharsantaithe agus inrochtaineachta.
- Bunaíodh braislí fáis le haghaidh Ceardaíochta, Miondíola, Monaraithe, na hEarnála Eachaí, Ban i mbun Gnó, Bia agus Dí, agus Teicneolaíochta chun tacú le riachtanais éagsúla na punainne cliant atá ag fás.



*Oscailt Oifigiúil Merits*

## Seirbhísí Éigeandála

- Leanamar orainn ag cur seirbhís dóiteáin infheidhme ar fáil do mhuintir Chontae Chill Dara le linn phaindéim Covid.
- Tá na conarthaí sínithe chun Stáisiún Dóiteáin nua a chur ar fáil i Maigh Nuad. Sa tsaoráid nua fearais ina bhfuil trí bhá, beidh grianphainéil fhótavoltacha, córais téite aer go huisce agus insliú, rud a fhágann go gcomhlíonann sí na rialacháin caomhnaithe fuinnimh, agus beidh clós oiliúna a bhfuil túr druileanna, léachtlann agus saoráidí do bhaill foirne aici.



*Conarthaí á Síniú – Stáisiún Dóiteáin Mhaigh Nuad*

### Pleanáil

**9,418** iarratas pleanála faighte**

**7,089** Cinneadh eisithe

### Fiontar & Forbairt Eacnamaíoch

Fuair **52** cuideachta maoiniú Féidearthachta, Taighde, Forbartha & Nuálaíochta nó IP arbh fhiú **€1.3 milliún** san iomlán iad

**55** deontas do ghnólachtaí nuathionscanta ceadaithe arbh fhiú **€1.34 milliún** san iomlán iad

**89** deontas um leathnú gnó ceadaithe arbh fhiú **€2.36 milliún** san iomlán iad

**353** dearbhán trádála ar líne ceadaithe arbh fhiú **€744,000** san iomlán iad. Seoladh an Dearbháin Grow Digital

**232** gnólacht i mbun tacaíochtaí inbhuanaitheachta

### Rialú Tógála & Seirbhísí Éigeandála

**19,324** Iniúchadh Rialaithe Tógála*

**5,880** Iniúchadh Rialaithe Forbartha*

**53** Eastát glactha faoi chúram*

Freagraíodh do **8,844** teagmhas**

**1,441** iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteáin**

Rinneadh **382** iniúchadh sábháilteachta ó dhóiteáin ar fhoirgnimh**

**18,060** uair an chloig oiliúna**

* go dtí deireadh mhí na Nollag 2023
** go deireadh mhí Mheán Fómhair 2024

# **Stiúrthóireacht:** Iompar, Soghluaisteacht agus Spásanna Oscailte

### Iompar & Soghluaisteacht

- Forbairt & Oscailt Oifigiúil Bhóthar Dáileacháin Bhaile Átha Í.
- Cuireadh Bóthar Faoisimh Laistigh Mhaigh Nuad i gcrích agus osclaíodh é.
- Bunaíodh rannóg Iompair Inbhuanaithe Thiomnaithe laistigh de Chomhairle Contae Chill Dara a bhfuil béim aici ar réimsí ar nós Taisteal Gníomhach, Sábháilteachta ar Bhóithre agus Bainistíocht Tráchta.
- Cuireadh Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Chill Chuillinn, an Náis, agus Ghlasbhealach na Canála Ríoga i bhfeidhm.
- Cuireadh Bealaí Sábháilte chun na Scoile i bhfeidhm.
- Forbraíodh agus osclaíodh Sciobóil Salainn réigiúnach agus Clós Innealra nua.
- Feabhsaíodh agus deisíodh 42 droichead áirse saoirseachta.
- Forbraíodh Plean Cothabhála Geimhridh bliantúil chun 705km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla a chlúdach ar 10 mbealach leata salainn éagsúla.



*Oscailt Oifigiúil Bhóthar Dáileacháin Bhaile Átha Í*



*Clós Innealra*


*Ionad Aclaíochta Allamuigh Chill Droichid*


*Coillte DeBurgh*



*Oscailte oifigiúil Chlós Súgartha Fhiodh Alúine*

## Iompar & Soghluaisteacht

- Déantar cothabháil ar **2,708 km** de bhóthar go bliantúil
- **705 km** de bhealaí leata salainn geimhridh
- Déantar cothabháil ar **22,987** solas poiblí go bliantúil
- Próiseáiltear **1,300** ceadúnas oscailte bóithre go bliantúil

### Spásanna Oscailte

- Osclaíodh clóis súgartha nua in áiteanna éagsúla ar fud an chontae, mar shampla na Solláin, Baile Éide, Ceárach, Díseart Diarmada, an Chorrchoill, Droichead Nua agus Fiodh Alúine.

## Spásanna Oscailte

- **34** Clós súgartha
- Déantar cothabháil ar **20** Páirc
- **14** Ionad Aclaíochta Allamuigh
- **3** Páirc Scátála
- Rinneadh cothabháil ar **168 ha** (414 acra) de spás oscailte

# **Stiúrthóireacht:** Aeráid, Pobal, Comhshaol agus Uisce

## Gníomhú ar son na hAeráide

- Bunaíodh Oifig Gníomhaithe ar son na hAeráide thiomnaithe le haghaidh Chontae Chill Dara, agus glacadh an chéad Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2024 – 2029, atá ag Contae Chill Dara.
- Tá an Ciste Nuálaíochta Aeráide á leathnú amach ar bhonn bliantúil chun réitigh nuálacha aeráide a chothú. Tá sé dírithe ar ghrúpaí pobail, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEnna), fiontraithe, ceardaithe, taighdeoirí luathghairme, institiúidí oideachais agus daoine aonair i gContae Chill Dara.
- Cuireadh tús le tionscnamh "Féar go Gás" chun an fhéidearthacht a mheas a bhaineann le bithghás (Bithghás Nádúrtha Comhbhrúite) a tháirgeadh ó fhéar fuílligh chun cabhrú le dícharbónú ár bhflít feithiclí.
- Chruthaigh agus d'fhoilsigh Oifig Gníomhaithe ar son na hAeráide Chill Dara treoir dhea-chleachtais atá neamhdhíobhálach don aeráid agus don bhithéagsúlacht le haghaidh baill foirne lena húsáid chun spásanna poiblí a chothabháil, agus roinn sí í le gach páirtí leasmhar ábhartha.
- Cuireadh tús le hobair ar "Teach Taispeána" i gCrios Dícharbónaithe Mhaigh Nuad, a sheolfar go hoifigiúil in R1 2025.
- Seoladh físeán Réaltachta Breisithe den fhís atá againn do Phríomhshráid Chrios Dícharbónaithe Mhaigh Nuad amach anseo in 2024.
- Bronnadh tairiscintí chun tús a chur le hiarfheistiú chun stoc foirgneamh na comhairle a dhícharbónú.
- Reáchtáladh an chéad haiceatón 'HACKTHECLIMATE', cruinniú 12 uair a chloig de bhreis is 50 fiontraí agus forbróir a bhí i mbun smaointe a ghiniúint, fionnachtana, agus gnólachtaí a chruthú, chun tacú le Spriocanna Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach.

## Pobal

### Bríd 1500

D'éirigh le Comhairle Contae Chill Dara clár dhá bhliain d'imeachtaí a chur ar fáil le haghaidh Bríd 1500, chun Naomh Bríd, an Bhean, a Saol agus a hOidhreacht, a cheiliúradh.

- Agus maoiniú ar luach €500,000 ar fáil, tacaíodh le tionscnaimh le scéimeanna deontais agus chuir an fhéile fáilte roimh bhreis is 100,000 a tháinig go Cill Dara ó chian is ó chóngar.
- Bronnadh gradam Fhéile na Bliana 2023 ar an gclár Bríd 1500 ó Dhámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil a reáchtálann Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann.
- Anuas air sin, cuireadh clár bithéagsúlachta agus oideachais do scoileanna i bhfeidhm.

BRIGID 1500

**100,000+**
cuairteoir go Cill Dara as Éirinn agus thar lear

Gradam
**Feabhais 2023 um Fhéile na Bliana**
ó Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann

**3,075**
grúpa pobail maoinithe (2019-2024)

Chuaigh Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara (KSP) i dteagmháil le breis agus
**25,000**
duine gach bliain

**Gradam um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil**
2024 ón Tionscnamh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

### Deontais Phobail

- Maoiníodh breis is 3075 grúpa pobail (2019-2024).
- Tugadh €270,000 gach bliain do 350 Cumann Áitritheoirí.
- Tugadh maoiniú do 260 Grúpa Pobail gach bliain agus €370,000 bronnta.
- Bronnadh Sparánachtaí Oideachais ar bhreis is 45 mac léinn gach bliain.
- Próiseáladh 250 iarratas ar dheontais Cánach Maoine Áitiúla gach bliain.

### Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara (KSP)

- D'oscail Comhairle Contae Chill Dara agus Cumann Snámha na hÉireann Tob-Linn Snámha i Léim an Bhradáin le linn 2023.
- Rinne KSP teagmháil le breis is 25,000 duine in aghaidh na bliana, lena n-áirítear 1,200 rannpháirtí sa Chlár Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- D'éirigh le KSP maoiniú a fháil ó Spórt Éireann chun Moil Spóirt a fhorbairt i mBaile Átha Í, Mainistir Eimhín, agus An Nás ó 2019, agus ó 2019-24 rinne Spórt Éireann infheistíocht €3.075 milliún san iomlán i dtionscnamh KSP.


*Comhpháirtíocht Spóirt, Curachóireacht i mBaile Átha Í*

**Clár Aoisbháúil**

- Fógraíodh Cill Droichid ina bhaile Aoisbháúil i mí Eanáir 2023.
- Osclaíodh Castlefen, na Solláin go hoifigiúil in 2024 - an chéad Eastát Aoisbháúil in Éirinn.
- Bhronn an Tionscnamh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta an Gradam um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, 2024 ar Chomhairle Contae Chill Dara as an mBaile Mór mar shráidbhaile aoisbháúil.
- Seoladh clár nua Maidí Aclaíochta le haghaidh Feirmeoirí.
- Dáileadh ciseáin bhia Aoisbháúla ar na daoine breacaosta is mó atá faoi mhíbhuntáiste.

**Forbairt Pobail**

- Reáchtáladh an chéad 'Féile na mBothán' ag Ráschúrsa an Churraigh agus bhí breis is 1000 duine rannpháirteach inti.

**Nascadh Bailte**

- Bronnadh breis is 27 deontas nasctha bailte idir 2019-24.
- I gcomhar le Coiste Nasctha Bailte an Chontae, cuireadh tús leis an gclár malartaithe mac léinn arís i ndiaidh Covid, le Lexington, Kentucky.
- Ina theannta sin, i mí Dheireadh Fómhair, 2023, thug toscaireacht ó Chomhairle Contae Chill Dara, Coiste Nasctha Bailte an Chontae, an Comhlachas Tráchtála chomh maith le hionadaithe ó na tionscail turasóireachta agus eachaí cuairt ar Lexington chun an caidreamh eadrainn a neartú.

**Saoráidí Pobail**

- Cuireadh Iárionaid phobail nua i gcrích i Ráth Iomgháin, Cairbre, Léim an Bhradáin agus Fiodh Alúine agus osclaíodh teach nua don phobal sa Chorrchoill in 2024.
- Osclaíodh Lárionad Pobail Chill Choca go hoifigiúil i mí na Bealtaine 2024, agus tá halla áineasa ilchuspóireach ann a bhfuil seomraí gléasta, dhá sheomra ilchuspóireacha agus seomra osteilgeora mar chuid de.

Ionaid phobail nua sna háiteanna seo a leanas:

- **Ráth Iomgháin**
- **Cairbre**
- **Léim an Bhradáin**
- **Fiodh Alúine**
- **Cill Choca**



**€1.63 milliún+**

le dhá bhliain anuas curtha ar fáil faoin gCiste Aitheantais Pobail





*Sláinte Éireann & Pobail a Chumhachtú*



**Maoiniú Pobail eile**

- Dáileadh €316,206 ar 139 grúpa faoi Mhaoiniú Tacaíochta Pobail.
- Cuireadh breis is €1.63milliún ar fáil le dhá bhliain anuas faoin gCiste Aitheantais Pobail le haghaidh feabhsúcháin mhóra ar phobail a roinn saoráidí agus bonneagar pobail le daoine a díbríodh ón Úcráin agus ó thíortha eile.

**Straitéis Imeasctha Chontae Chill Dara, 2020-2026**

Seoladh an dara Straitéis Imeasctha de chuid Chill Dara in 2021. Lean an Chomhairle uirthi ag cur na straitéise chun feidhme in éineacht le Comhpháirtíocht Ceannairí Chill Dara agus Coiste Imeasctha Idirghníomhaireachta Chill Dara.

**Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chill Dara (PPN)**

Lean Comhairle Contae Chill Dara uirthi ag tacú le PPN Chill Dara agus tá 771 balleagraíocht cláraithe leis faoi láthair.

**Comhchoiste Póilíneachta Chontae Chill Dara (JPC)**

Seoladh Córas Nua Foláireamh Téacs Pobail (CAIRDRE) in 2022.

I ndiaidh athruithe reachtúla, tá an Chomhpháirtíocht nua um Shábháilteacht Pobail Áitiúil ag teacht in ionad an Chomhchoiste seo.

### Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC)

Tá LCDC ag iarraidh cur chuige straitéiseach, comhleanúnach a bhaint amach maidir le forbairt pobail. Tá naoi gcomhalta dhéag ar LCDC Chill Dara, ar a bhfuil ionadaithe reachtúla agus neamhreachtúla.

- Rinne sé maoirseacht ar fheidhmiú an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), 2018-2023: Chabhraigh sé le 4,686 duine agus 354 grúpa i gceantair faoi mhíbhuntáiste le buiséad de €6.99 milliún, rud a chuir Comhpháirtíocht LEADER Chill Dara (CKLP) i bhfeidhm
- Bhronn sé €5.14milliún ar 92 tionscnamh trí mhaoiniú cúnaimh deontais LEADER
- D'éirigh leis clár LEADER 2014-2023 le CKLP a chur chun feidhme agus d'fhorbair sé Straitéis Forbartha Áitiúla LEADER, 2023-2028.
- Chuir sé Babhta 3 de Éire Shláintiúil i gcrích, rud a chuaigh i bhfeidhm ar bhreis is 5,500 duine agus d'éirigh leis Babhta 4 de Éire Shláintiúil a chinntiú.
- Roghnaíodh Baile Átha Í mar cheann de 19 bPobal Shláintiúla Sláintecare sa tír.
- D'éirigh leis €100,000 a fháil mar cheann de na ceithre chontae faoin gClár Bochtaineachta Leanaí.
- Riar sé agus chuir sé chun cinn raon de scéimeanna deontais ar fiú €1.55 milliún iad chun cur ar chumas pobal áitiúil bonneagar a sholáthar agus tacú le costais reáchtála
- Cuireadh Fóraim Freagartha Pobail ar bun, a bunaíodh agus a reáchtáladh le haghaidh COVID-19 agus freagairtí an phobail Úcránaigh.

**771**
balleagraíocht PPN gníomhach cláraithe







*Bhuaigh an Nás Gradam Náisiúnta IBAL*

## Comhshaol & Uisce

- Forbraíodh Páirc Bhaile Chairdif, áis áineasa ilúsáide iontach, agus cuireadh buntáistí eacnamaíocha agus comhshaoil ar fáil don phobal trí chéile.
- Ba í Comhairle Contae Chill Dara an t-aon chontae a bhain amach an caighdeán riachtanach i dtuairisc RMCEI GCC (na híoschritéir mholta le haghaidh iniúchtaí comhshaoil) le haghaidh 2022 agus 2023.
- Taispeántais láidre déanta ag an-chuid bailte i gCill Dara a ainmníodh mar an Baile is Glaine in Éirinn i suirbhé bruscair Ghnólachtaí Éireannacha i gcoinne Bruscair (IBAL), Maigh Nuad (2023) agus an Nás (2022, 2021, 2024) san áireamh.
- Bhí tacaíocht ann bliain i ndiaidh bliana do Choistí na mBailte Slachtmhara, agus bronnadh boinn Óir ar na bailte seo a leanas in 2024: Cill Droichid, Claonadh, Cill, Léim an Bhradáin, Maigh Nuad, Teach Srafáin, Droichead Nua agus An Nás.
- Reáchtáladh Ócáidí Maithiúnais do Thochtanna agus Péinteanna, agus rinneadh athchúrsáil ar Chrainn Nollag gach bliain.
- Rinneadh dul chun cinn mór maidir le Scéim Cosanta Tuilte na Moiréile, agus tá obair leanúnach ar siúl ar oibreacha cosanta tuilte an Náis, Bhaile Átha Í agus Léim an Bhradáin.
- Tá oibreacha cothabhála ar dhraenáil aibhneacha ar siúl go leanúnach ar fud an chontae.
- Seoladh treoir maidir le córais draenála inbhuanaithe.

Tacaíodh le grúpaí na mBailte Slachtmhara ar fud an chontae le maoiniú deontais bliantúil
**€320,000**



Bronnadh bratacha glasa ar
**131**
scoil faoi Chlár na Scoileanna Glasa



Dáileadh
**1,000**
crann óg gach bliain le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann



# **Stiúrthóireacht:** Imeascadh

Bunaíodh an Fhoireann Údaráis Áitiúil um Imeascadh (LAIT) le linn 2024.

Tá an Stiúrthóir Imeasctha i ndiaidh freagracht a ghlacadh as an bhFóram Imeasctha Pobail agus tionólann sé/sí cruinnithe míosúla de. Comhordaíonn an Fóram Imeasctha Pobail soláthraithe seirbhíse reachtúla agus neamhreachtúla a chabhraíonn le Tairbhithe de Chosaint Shealadach, Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, Daoine le Stádas agus Dídeanaithe Cláir.

Tá eolaire d'ionaid agus seirbhísí cóiríochta forbartha ag LAIT chun tacú le cliaint ábhartha, lena n-áirítear aip fóin póca a fhorbairt chun seirbhísí atá le húsáid i gclinicí agus i gcruinnithe a fhógairt.

Tá sé de fhreagracht ar LAIT freisin as cóiríocht a aimsiú faoin Scéim Tabhair Dídean agus as tograí le haghaidh cóiríochta a n-atreoraíonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chuige a mheas.

Idir R2 agus R3, 2024, d'éirigh le LAIT an méid seo a leanas a bhaint amach:

Fuair sé 1,026 fiosrú agus réitigh sé 1,007 de na fiosruithe sin.

- D'eagraigh sé 100 clinic in ionaid Fhoireann Cóiríochta Sealadaí Ghéarchéim na hÚcráine (UCTAT) agus na Seirbhísí um Chóiríocht Idirnáisiúnta (IPAS).
- Thug sé tacaíocht do 305 Tairbhí de Chosaint Idirnáisiúnta.
- Thacaigh sé le 248 Iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta.
- Thug sé 33 cuairt for-rochtana ar ionaid UCTAT agus IPAS.
- Thionól sé 8 gcruinniú 75ú lá in Ionaid Chóiríochta Ainmnithe sa Halla Nua agus i mBaile Phúinse.
- Cuireadh tús le 66 dídeanaí cláir a athlonnú faoin gClár Cosanta Dídeanaithe Idirnáisiúnta agus cuireadh Céim 1 i gcrích i mí Mheán Fómhair, 2024.



*Ionaid Cóiríochta Sealadaí na hÚcráine*

# **Stiúrthóireacht:** Airgeadas, Seirbhísí Digiteacha, Nuálaíocht & Rialachas

## Airgeadas

- Foilsíodh na Buiséid Ioncaim Bhliantúla do na blianta, 2020 - 2024
- Foilsíodh an Clár Caipitil Bliantúil do na blianta, 2020-2024
- Foilsíodh na Ráitis Airgeadais Bhliantúla do na blianta, 2019-2023
- Tugadh an Scéim Deontais Dreasachta Tráchtála isteach
- Próiseáladh an Scéim Deontais Atosaithe Rátaí
- Próiseáladh an Scéim Deontais um Méadú ar Chostais Ghnó

## Seirbhísí Digiteacha

- Seoladh an chéad Straitéis Dhigiteach de chuid Chill Dara le haghaidh Konnected Chontae Chill Dara, a bhfuil sé mar aidhm aici sochaí agus geilleagar digiteach ionchuimsitheach, forásach, nuálach agus nasctha a chruthú ar mhaithe le muintir agus gnólachtaí Chontae Chill Dara.
- Rinneadh uasghrádú ar shaoráidí digiteacha i Seomra na Comhairle chun tacú le cruinnithe hibrideacha agus cumas craolta ar an ngréasán
- Forbraíodh Aip nua Geobhailiúcháin chun tacaíocht fíor-ama a chur ar fáil do bhainistíocht agus bailiúchán Rátaí
- Foilsíodh réiteach Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) nua a bhfuil tairseach do shaoránaigh aige a fhágann gur féidir linn seirbhísí do chustaiméirí a chuíchóiriú
- Seoladh uirlisí oiliúna ar líne a tugadh isteach le haghaidh cláir oiliúna chaighdeánaithe, fhéinriartha




*Síniú an Dearbhaithe um Nuálaíocht sa tSeirbhís Phoiblí*

## Nuálaíocht

- Bunaíodh Foireann Nuálaíochta Thiomnaithe i mí na Samhna, 2022, chun tacú le nuálaíocht ar fud na heagraíochta agus i mí an Mhárta 2023, shínigh Comhairle Contae Chill Dara an Dearbhú um Nuálaíocht sa tSeirbhís Phoiblí, rud a léirigh ár dtiomantas chun nuálaíocht a mhéadú.
- Tá an Fhoireann ar thús cadhnaíochta maidir le nuálaíocht a bhrú chun cinn, agus d'éirigh léi €320,000 a fháil ó iarratais rathúla ar mhaoiniú Nuálaíochta, lena n-áirítear an Ciste um Nuálaíocht sa tSeirbhís Phoiblí agus an Ciste um Aistriú Digiteach.
- Cuireadh uasoiliúint ar bhreis is 60 ball foirne maidir le Lean Six Sigma, Smaointeoireacht Dearaidh, Feabhsú Próisis Gnó agus Straitéis, Nuálaíocht agus Cinnteoireacht.
- Agus í ag obair lena comhghleacaithe, chuir an fhoireann imeachtaí Nuálaíochta ar fáil chun dlús a chur le nuálaíocht, cruthaitheacht agus comhoibriú, lena n-áirítear ceardlanna, máistir-ranganna nuálaíochta, Haiceatóin agus Ruthaig Dhearaidh.



Eanach Bhaile Pholaird,
Co. Chill Dara





# Ag Breathnú Chun Cinn:

## Timpeallacht Inmheánach agus Sheachtrach

Léirítear in anailís SCOT láidreachtaí, dúshláin, deiseanna agus bagairtí thar shaolré an Phlean, rud a chuireann timpeallacht oibriúcháin Chomhairle Contae Chill Dara i gcomhthéacs. Bhí sé bunaithe ar:

- Aighneachtaí scríofa agus suirbhéanna comhlánaithe ag baill foirne, comhaltaí tofa, agus daoine den phobal
- Torthaí ó cheardlanna comhairliúcháin
- Athbhreithniú ar an timpeallacht oibriúcháin atá leagtha amach i bPlean Corparáideach 2019
- Próifíl shocheacnamaíoch an Chontae (Meitheamh 2023) bunaithe ar Dhaonáireamh 2022
- Measúnú ar dhoiciméid bheartais nua amhail an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Plean Forbartha Contae. Cuimsíonn na pleananna seo tuairimí a cuireadh in iúl i gcomhairliúchán freisin, rud a thairgeann deis bhreise chun saincheisteanna ábhartha a bhreithniú.

Uirlis straitéiseach déanta pleananna is ea anailís SCOT chun ár spriocanna, ár gcuspóirí agus ár bpríomhtháscairí feidhmíochta a threorú sna chéad chúig bliana eile.

# Láidreachtaí

## Seachtrach

| |
|---|
| Suíomh i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, gar d'Aerfoirt & Calafoirt a bhfuil líonra fairsing mótarbhealaigh aige - suíomh tarraingteach le haghaidh deiseanna infheistíochta/eacnamaíocha |
| Ceann de na contaetha is óige agus is mó fáis |
| Daonra ardoilte |
| Leibhéil arda rannpháirtíochta sa lucht saothair |
| An ollscoil is mó fáis in Éirinn, OÉ Má Nuad |
| Bonn Infheistíochta Dírí Coigríche an-láidir a thairgeann fostaíocht ar ardchaighdeán |
| Os cionn an mheánioncaim indiúscartha náisiúnta de réir shonraí Dhaonáireamh 2022 |
| Earnáil Fiontar Beag agus Meánmhéide atá láidir |
| Earnáil eachaí den chéad scoth |
| Earnáil láidir talmhaíochta |
| Leibhéal de stoc tithíochta ar ardchaighdeán ag fás a bhfuil rátáil ard RFF aige |
| Earnáil shuntasach phobail agus dheonach - os cionn 700 grúpa PPN |
| Nascacht mhaith leathanbhanda |
| Líonra láidir ealaíon & cultúrtha |
| An Aireacht Cosanta atá lonnaithe sa Chontae |
| Oidhreacht uathúil, nádúrtha agus tógtha, a bhfuil acmhainneacht aici maidir le turasóireacht agus caitheamh aimsire |

## Inmheánach

| |
|---|
| Ár lucht saothair - atá ardoilte agus a bhfuil oideachas maith air agus taithí aige |
| Léirigh an lucht saothair an cumas athrú agus seachadadh e.g. Covid, Imeascadh |
| Líonra agus ballraíocht leabharlainne atá gníomhach agus atá ag dul i méid |
| Ár gcumas comhoibriú le príomh-chomhpháirtithe seachadta seirbhíse e.g. Comhlachtaí Tithíochta, Grúpaí Pobail/ Deonacha, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Ranna Rialtais, údaráis áitiúla eile etc |

# Dúshláin

## Seachtrach

| |
|---|
| Bagairt leanúnach agus mhéadaitheach chibearshlándála |
| D'fhéadfadh tionchar a bheith ag IS ar leibhéil fostaíochta i mbonn IDC |
| Brúnna déimeagrafacha agus acmhainní a bhaineann le torthaí iarmhartacha ó shuíomh i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, go háirithe fás ar an daonra óg agus éilimh ghaolmhara ar bhonneagar sóisialta (naíolanna, áiseanna cúraim leanaí, scoileanna, áiseanna spóirt agus áineasa) |
| Infheistíocht a chinntiú i mbonneagar agus i seirbhísí áitiúla, chun luas a choinneáil leis an éileamh atá ag méadú go tapa, go háirithe bonneagar áineasa, sóisialta, cultúrtha |
| Costais talún agus forbartha atá ag ardú agus infhaighteacht a bhaineann le fás laistigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath |
| Éagothroime maidir le beogacht dhéimeagrafach agus eacnamaíoch, go háirithe i gceantair um Aistriú Cóir sa Chontae |
| Spleáchas méadaitheach ar líon na n-oibrithe deonacha atá ag dul i laghad chun seirbhísí pobail a sholáthar |
| Leibhéal leanúnach atá spleách ar ghluaisteán, comaitéireacht amach/fhada |
| Dúshláin bhithéagsúlachta agus aeráide a bhaineann le huirbiú |
| Tuilleadh forbartha ar réitigh iompair inbhuanaithe turais iomláin |

| |
|---|
| Saincheisteanna inacmhainneachta atá ag méadú laistigh den earnáil tithíochta - úinéireacht/cíos |
| Leibhéil arda spleáchais ioncaim i dteaghlaigh (leas sóisialach/tacaíocht phinsin) i roinnt ceantar den Chontae |
| Míbhuntáiste leanúnach agus idirghlúine agus fad ón margadh saothair i roinnt pobail uirbeacha & thuaithe |
| Spleáchas ard ar fhostaíocht i líon beag earnálacha ar ioncam íseal i gcodanna de Dheisceart/Iarthar Chill Dara |
| Fostóirí agus oibrithe oilte i roinnt earnálacha den gheilleagar a mhealladh agus a choinneáil |
| Costas agus infhaighteacht cúram leanaí sa chontae |
| Bonneagar turasóireachta a mhéadú chun freastal ar éileamh, go háirithe cóiríocht |
| Bonneagar cumasúcháin a fhorbairt d'earnáil láidir oideachais a fhreagraíonn d'éagsúlacht riachtanas oideachais atá ag dul i méid & do bhrúnna daonra |
| Tuairimí an Chontae ar fad mar shaibhir, nach bhfuil ag teacht le hInnéacs Díothachta |
| Méid agus castacht mhéadaitheach na n-athruithe reachtaíochta san earnáil a chur chun feidhme, i dtimpeallacht earcaíochta dhúshlánach |
| An luas a bhaineann le haistriú córa iompair a chur chun cinn ó úsáid charrbhunaithe áitíochta aonair go roghanna taistil níos inbhuanaithe amhail siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus comhroinnt carranna |
| Infhaighteacht áiteanna scoile (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna) in aice le tithe leanaí |
| Costais mhéadaithe a bhaineann le bonneagar a chothabháil mar gheall ar shuíomh i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus méaduithe daonra |
| Costais arda chíosa na tithíochta agus brath ar an earnáil phríobháideach cíosa agus ÍCT |
| Maoiniú a ghiaráil agus seachadadh tionscadail a bhaint amach mar gheall ar iomaíocht le haghaidh maoinithe agus acmhainní teicniúla sa gheilleagar |
| Cumas laistigh den tionscal foirgníochta chun spriocanna seachadta tithíochta a bhaint amach nuair a bhíonn gach údarás áitiúil agus an earnáil phríobháideach ag iarraidh aschur a mhéadú |
| An costas a bhaineann le maoiniú chun láithreáin oiriúnacha a fháil le haghaidh bonneagair |
| Srianta le forbairt láithreán áirithe. Rioscaí costais neamhghnácha a fhágann nach féidir láithreáin a fhorbairt |
| Riosca airgeadais don chomhairle a bhaineann le tithíocht inacmhainne a sholáthar |
| Cóiríocht a athchothromú d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus do Thairbhithe de Chosaint Shealadach go náisiúnta, chun comhchruinnithe a sheachaint |

### Seachtrach

| |
|---|
| Pleanáil chomharbais agus bainistíocht eolais i dtimpeallacht ardláimhdeachais |
| SFF (Bainistíocht Samhaltaithe Faisnéise Foirgnimh) a chur chun feidhme le haghaidh gach dearaidh foirgníochta agus gach bainistíochta foirgníochta |



# Deiseanna

### Seachtrach

| |
|---|
| Leas a bhaint as fás ar naisc chontae agus iompair chun "lonnaíochtaí 10 nóiméad" a uasmhéadú |
| Forbairt ar an mbonneagar iarnróid atá ann cheana agus córais iompair a chomhtháthú chun úsáid agus nascacht le hiompar poiblí/taisteal gníomhach a mhéadú |
| Miondíol ar mhórscála agus deiseanna eacnamaíocha a ghiaráil ó fhíor-ardlíon na gcustaiméirí, le haghaidh bailte áitiúla i gcodanna áirithe den Chontae |
| Leas a bhaint as an mbonn daonra óg oilte |
| Buntáistí a uasmhéadú ó chiste an AE um Aistriú Cóir & ó dheiseanna maoinithe eile ar mhórscála |
| Pobail nua a imeascadh agus leas a bhaint as a scileanna, a gcumas agus a gcaipiteal cultúrtha chun ár bpobal a fheabhsú |
| Leas a bhaint as taithí agus eolas ár ndaonra níos sine atá ag fás, chun tacú le forbairt pobail agus le hobair dheonach |
| Forbairt ar dheiseanna a bhaineann le fás tapa agus cáil Ollscoil Mhá Nuad mar ollscoil nuálach Éireannach a chuireann deiseanna oideachais ar fáil |
| Forbairt ar láidreachtaí Chill Dara agus iad a chur chun cinn chun aitheantas a fháil mar an suíomh infheistíochta is rogha sa Stát |
| Giniúint fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt lena n-áirítear téamh ceantair agus tacú le deiseanna eacnamaíocha a thagann chun cinn |
| Tacú leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an mbithgheilleagar chun poist nuálacha a chruthú |
| Leas a bhaint as an acmhainneacht a bhaineann le hobair nasctha/cianobair chun trácht comaitéireachta a laghdú |
| Tacú le leathnú rannpháirtíocht na hearnála talmhaíochta i dtionscnaimh a bhaineann leis an aeráid |
| Leanúint ar aghaidh le cur chuige nuálach a úsáid chun réadmhaoine neamhchónaithe folmha a athúsáid le haghaidh turasóireacht/bia/tobúsáidí nó úsáidí idir an dá linn |
| Oibriú le gníomhaireachtaí ábhartha chun cosaint agus bainistíocht na láithreán oidhreachta nádúrtha agus rochtain inbhuanaithe orthu a chinntiú |
| Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí spóirt agus áineasa a fheabhsú agus stíleanna maireachtála gníomhacha a chur chun cinn |

| |
|---|
| Dul i dteagmháil le hUisce Éireann agus le soláthraithe bonneagair eile chun a chinntiú go bhfuil cláir chaipitil ailínithe |
| Gnó dúchasach a chothú agus a fhás chun fostaíocht a ghiniúint agus rioscaí a fhritháireamh ó spleáchas ard ar IDC mar shruth maoinithe |
| Caidrimh agus SLAnna a fhorbairt agus a choinneáil le comhlachtaí poiblí eile chun na buntáistí is fearr is féidir a bhaint amach don chontae |
| Úsáid an dá bhealach canála stairiúla le haghaidh taistil agus áineasa inbhuanaithe a chur chun cinn |
| Cumas chun réitigh atá bunaithe ar an dúlra a fhorbairt chun dul i ngleic le hathrú aeráide |

### Inmheánach

| |
|---|
| Buntáistí nuálaíochta a ghiaráil go hinmheánach chun seachadadh agus éifeachtúlacht seirbhíse a fheabhsú |
| Ceannaireacht aeráide a chur chun cinn trí chomhoibriú le CARO, ollscoileanna agus cláir thaighde eile |
| Cumas a mhéadú agus acmhainní a dhíriú chun leanúint d'iomaíocht rathúil a dhéanamh ar mhaoiniú ó chláir faoi Thionscadal Éireann 2040 |
| Feabhas a chur ar chomhordú gníomhach idir-rannach agus ar rannpháirtíocht i seachadadh tionscadal caipitil |
| Bainistiú samhaltaithe faisnéise foirgnimh a ghiaráil chun bainistíocht saoráidí agus bainistíocht tionscadal caipitil reatha agus nua a rianú agus a fheabhsú |
| Bonneagar leabharlainne a uasmhéadú agus deiseanna a mhéadú chun rannpháirtíocht & tacaíocht phobail a sholáthar |
| Féilte & Eispéiris - Deis chun na healaíona & an cultúr a chur chun cinn, lena n-áirítear oidhreacht na féile rathúla, Bríd 1500 |
| Cumarsáid réamhghníomhach a mhéadú chun aird a tharraingt ar ról agus ar thionchar na Comhairle i saol daoine |
| Leas freagrach a bhaint as an intleacht shaorga chun nuálaíocht, bainistíocht tionscadail agus seachadadh seirbhíse a fheabhsú |
| Daoine de phobail nua a earcú ar fud sheirbhísí na comhairle, rud a chuirfidh leis an éagsúlacht agus leis an bhfeasacht chultúrtha |





# Bagairtí

### Seachtrach

| |
|---|
| Costas/infhaighteacht/rochtain ar thithíocht ardchaighdeáin inacmhainne chun freastal ar éilimh chontae atá ag fás go tapa, lena n-áirítear neamhfhorbairt talún cónaithe criosaithe |
| Costais arda talún a chuireann bac ar sholáthar tithíochta sóisialta, bonneagair shóisialta agus fhisiciúil |
| Seirbhísí (sláinte, oideachas, seirbhísí sóisialta etc.) agus bonneagar nach bhfuil ag coinneáil suas leis an bhfás ard tapa an daonra agus rioscaí maidir le daonra agus fostaíocht a choinneáil mura dtugtar aghaidh ar an dúshlán sin |
| An t-athrú aeráide agus dúshláin ghaolmhara a eascraíonn as riosca tuilte, damáiste stoirme, réadmhaoin, deisiú/athsholáthar bonneagair, tionchar ar bhia agus ar tháirgiúlacht eacnamaíoch |
| Feasacht íseal ar sheirbhísí údaráis áitiúil agus smaointe fúthu in aigne an phobail |
| Castacht/luas na sruthanna maoinithe Rialtais agus scála an mhaoinithe rialaithe go lárnach |
| Tuairimí seachtracha ar gach cuid den chontae a bheith saibhir/feasacht íseal ar cheantair bheaga díothachta tromchúisí, rud a chuireann isteach ar mhaoiniú ón Rialtas láir |
| Nascacht teoranta iompair phoiblí thuaidh-theas agus thoir/thiar do dhaoine ar an aistear iomlán |
| Leochaileacht ó spleáchas comhchruinnithe ar infheistíocht IDC le haghaidh fostaíocht áitiúil & le haghaidh maoinithe don údarás áitiúil |
| Easpa maoinithe agus sásraí dlíthiúla chun talamh a mhéadú le haghaidh áineasa agus taitneamhachta |
| Rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar theip ar phleanáil do riachtanais daonra atá ag dul in aois go mór |
| Cibearbhagairtí, atá níos measa mar gheall ar dhul chun cinn in IS |
| Bréagaisnéis/Mífhaisnéis agus tionchair ar mhuinín as comhlachtaí poiblí, daonlathas áitiúil |
| Cóngaracht do roghanna láidre miondíola i gContae Bhaile Átha Cliath agus tionchar aige ar chaillteanas caiteachais |
| Easpa smachta ar a chinntiú go bhfuil leibhéil foirne ag teacht le fás an daonra |
| Acmhainneacht corraíola sóisialta agus tionchair ar obair dheonach i measc eagraíochtaí seanbhunaithe agus pobail nua |

### Inmheánach

| |
|---|
| Baill foirne a mhealladh agus a choinneáil, go háirithe i roinnt réimsí teicniúla/gairmiúla |
| Láimhdeachas foirne agus folúntais a eascraíonn as margadh láidir saothair, a mbíonn tionchar acu ar sheachadadh seirbhíse agus tionscadail |



# Timpeallacht Oibriúcháin

*Coill Chill Chá, Co. Chill Dara*

# Cumas, Costais agus Daoine

## Cumas

Le linn 2019-2024, athbhreithníodh ár struchtúr eagraíochtúil chun tosaíochtaí athraitheacha a chur san áireamh. Tá an struchtúr reatha leagtha amach i Roinn "Struchtúr Eagraíochtúil agus Oibriúcháin".

Cruthaíodh nó méadaíodh roinnt foirne ó 2019, rud a léirigh méaduithe daonra agus tosaíochtaí nua:

- Taisteal Inbhuanaithe
- Gníomhú ar son na hAeráide
- Páirceanna agus Spásanna Oscailte
- Athghiniúint
- Bainistíocht Réadmhaoine
- Bainistíocht Tionscadal
- Imeascadh

Tá bearta láidre rialachais mar bhonn agus mar thaca ag ár n-oibríochtaí, atá leagtha amach sa Roinn "An Plean seo a Sheachadadh". Cé go leanfaidh an Chomhairle seo lena bainistíocht stuama airgeadais agus go rachaidh sí i mbun deiseanna maoinithe go réamhghníomhach, tá sé ríthábhachtach go gcoinneoidh maoiniú ó gach foinse suas le fás an daonra.

Maidir leis sin, bhí, agus tá fós, roinnt cúinsí i gCill Dara a chuireann brú ar sheachadadh seirbhíse agus bonneagair, mar atá leagtha amach inár "mBrollach", ár n-anailís SCOT agus sa chuid "Maidir le Cill Dara" den Phlean.

Le 30 bliain anuas tháinig **méadú faoi dhó ar dhaonra Chill Dara**, agus tháinig méadú 45% ar dhaonra an Stáit.

Cé gur méadú 4% é leibhéil soláthair foirne 2023 ó 2019, tháinig méadú 9% ar an leibhéal soláthair foirne san earnáil le linn na tréimhse céanna[1] **agus tá méadú os cionn 11.4% tagtha ar dhaonra an Chontae ó 2016** (fás 8.1% sa Stát) mar a léirítear i nDaonáireamh 2022.

**Tá dífhostaíocht beagnach trí oiread an ráta sa Chontae** i gcodanna de Chill Dara, amhail ceantar an Iardheiscirt/Bhaile Átha Í.

Tá **costais chíosa phríobháideacha** ar an **tríú ceann is airde sa stát** agus tacaíonn an scéim **Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta** (ÍCT) le **ceann amháin as gach sé thionóntacht phríobháideacha**.

1. Foinse: Banc Sonraí na Roinne Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe

Tá **2,528km de bhóithre** sa chontae, agus cé go bhfuil sé **suite go straitéiseach le haghaidh deiseanna forbartha eacnamaíche**, bíonn trácht ard ann mar ghealL ar phríomhbhealaí a nascann Baile Átha Cliath le cathracha eile. **Bíonn os cionn 40,000 duine ag comaitéireacht trí Chill Dara** chun obair i mBaile Átha Cliath, agus **bíonn 36% d'oibrithe Chill Dara ag comaitéireacht amach ón gcontae**.
(Foinse: Tacair Sonraí Dhaonáireamh 2022 - Comhairle Contae Chill Dara)

Cuireann na cúinsí sin éilimh bhreise ar mhaoiniú, ar sheirbhísí agus ar bhonneagar.

## Costais

In ainneoin ár bpróifíle daonra, sainaithníodh in anailís a rinne ár n-eagraíocht gurbh é **€715 caiteachas in aghaidh an duine Chomhairle Contae Chill Dara le haghaidh na bliana 2022 - an caiteachas ab ísle sa Stát.** Bhí **líon na mball foirne** i gComhairle Contae Chill Dara (2022) **ar an dara líon ab ísle sa Stát in aghaidh an duine**. Ciallaíonn sé sin i ndáiríre nach bhfuil cónaitheoirí Chill Dara ag fáil na seirbhíse céanna óna n-údarás áitiúil agus atá ag cónaitheoirí in áiteanna eile.

Tá Comhairle Contae Chill Dara ag brath faoi láthair ar mhaoiniú lárnach do c46% dá hioncam, mar a léirítear thíos: Tábla 1: Foinsí ioncaim, Leabhar Buiséid Glactha 2025, Comhairle Contae Chill Dara.




**2025 Foinsí Ioncaim Measta**

- A Rátaí, glan ó rátaí coigeartaithe (27%)
- B CMÁ (9%)
- C Deontais Shonracha (46%)
- D Earraí & Seirbhísí (18%)

Léirítear i réamh-mheastacháin ESRI go mbeidh fás daonra 18% i gCill Dara idir 2021 agus 2040, níos airde ná an fás réamh-mheasta don stát (+12.6%). (Tacair Sonraí Dhaonáireamh 2022 - Comhairle Contae Chill Dara)




*Páirc Bhaile Chairdif*

De réir réamh-mheastacháin daonra, rachaidh an tionchar atá ag an mbonn íseal reatha in aghaidh an duine de leibhéil soláthair foirne agus caiteachais in olcas, gan maoiniú breise ón státchiste, a chuireann próifíl dhéimeagrafach, rátaí fáis agus dúshláin shonracha Chill Dara san áireamh.

Tá na cúinsí sin suntasach fiú sula ndéanann duine machnamh ar an tionchar a bhíonn ag margadh fostaíochta iomláine ar ár gcumas foireann a earcú agus a choinneáil, chomh maith le dúshláin a eascraíonn as próifíl aoise na heagraíochta; meánaois de thart ar 50 bliain d'aois.

Mar léiriú ar fhás tapa ár gContae, tá méadú suntasach tagtha ar riachtanais chaiteachais le linn shaolré an Phlean Chorparáidigh dheireanaigh.

**Buiséad Ioncaim bliain ar bhliain 2020 go 2025 sna milliúin (gan Rátaí do-aisghabhála san áireamh)**




Foinse don tábla: Leabhar Buiséid Glactha 2025, Comhairle Contae Chill Dara.

Maidir le Buiséad 2025, tá Comhairle Contae Chill Dara ag súil go mbeidh €260m ag teastáil chun seirbhísí a sholáthar, arna leithdháileadh mar atá thíos.




**2025 Caiteachas measta de réir**
ranna gan Rátaí Do-aisghabhála

- Div A - Tithíocht & Foirgneamh
- Div B - Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre
- Div C - Soláthar Uisce & Camras
- Div D - Bainistíocht Forbartha
- Div E - Cosaint an Chomhshaoil
- Div F - Áineasa & Taitneamhacht
- Div G - Talmhaíocht & Oideachas
- Div H - Seirbhísí Ilghnéitheacha

Cinntear leis an bpróiseas buiséadach tosaíochtaí maoinithe gach bliain. Is deis é freisin don eagraíocht agus do chomhaltaí tofa athmheasúnú a dhéanamh ar chumas corparáideach, lena mbaineann cinntí mar athbheartú tosaíochta i ndáil le seirbhísí, athdháileadh buiséid nó táillí méadaithe, nuair is gá. Cuimsíonn an próiseas sin faisnéisiú agus athbhreithniú mionsonraithe ar ár gclár tionscadal caipitil ilbhliantúil freisin.

I mBuiséad 2025 sa Chomhairle seo tugadh tús áite do chaiteachas breise ar réimsí amhail Tithíocht agus Cothabháil Bóithre, Deontais Tithíochta, Ríocht Phoiblí, Forbairt Eacnamaíoch, an tAthrú Aeráide agus Éifeachtúlacht Charbóin, Cothabháil Páirceanna agus Leabharlanna, rud a léiríonn go leor de na tosaíochtaí a sainaithníodh le linn comhairliúchán poiblí le haghaidh an Phlean Chorparáidigh, agus trí rannpháirtíocht lenár gcomhaltaí tofa.

I mbuiséid 2026-2030, thar shaolré an Phlean Chorparáidigh, cuirtear tosaíochtaí agus spriocanna corparáideacha in iúl arís go bliantúil. Foilsíonn Comhairle Contae Chill Dara ár mbuiséad agus ár gclár caipitil ar líne, áit a bhfuil tuilleadh sonraí ar fáil. Ina theannta sin, leagfar amach inár bPleananna Bliantúla um Sheachadadh Seirbhíse thar an tréimhse chéanna gníomhaíochtaí bliantúla chun an Plean Corparáideach a chur chun cinn.





# Ár nDaoine

*Tá ár ndaoine, ár bhfostaithe fíor-riachtanach dár n-éifeachtacht.*

Soláthraítear sa Straitéis seo creat maidir leis an gcaoi a bhfuil sé ar intinn againn infheistíocht a dhéanamh inár bhfoireann thar thréimhse ár bPlean Chorparáidigh, agus is pointe tosaigh é le haghaidh rannpháirtíochta agus forbrófar é lena chinntiú go bhfanfaidh sé oiriúnach don fheidhm.



## Comhairle Contae Chill Dara mar fhostóir is fearr rogha

Cuireann údaráis áitiúla os cionn 1,000 seirbhís éagsúil ar fáil, agus mar an cúigiú húdarás áitiúil is mó, a bhfuil sainchúram leathan air, tá gá againn le tacar mór scileanna éagsúla. Táimid tiomanta do lucht saothair éagsúil ardchaighdeáin a mhealladh atá tiomanta dár bhfís agus dár luachanna. Tá tionchar agus sásamh ag ár gcuid oibre agus tá sí ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA.

Sa timpeallacht earcaíochta iomaíoch reatha, ní mór dúinn iarracht mhór a dhéanamh chun muid féin agus ár luachanna a dhíol le fostaithe ionchasacha. Sa chomhthéacs sin feabhsóimid cumarsáid ár n-éachtaí agus faoin rath a bhí orainn, a bhfuil tionchar dearfach acu ar phobail áitiúla. Agus é sin á aithint againn, tá tús curtha againn le dul i dteagmháil le hinstitiúidí tríú leibhéal chun sineirgí idir coláistí agus ár ndeiseanna san ionad oibre a fhiosrú agus táimid ag gabháil d'fhiseán poiblíochta ina mbeidh ár bhfostaithe mar chuid de.

## Ag Tacú

Tacóidh Comhairle Contae Chill Dara lenár ndaoine ina ngairm rialtais áitiúil. D'fhéadfadh meantóireacht do cheannairí ionchasacha a bheith san áireamh anseo, mar shampla. Tacóimid lenár bhfostaithe ionas gur féidir leo fás go pearsanta agus go gairmiúil agus go mbeidh siad in áit mhaith maidir lena ngairmeacha beatha.

Tacaímid freisin lenár ndaoine cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil a choinneáil, agus táimid ag tairiscint go leor tacaíochtaí, mar shampla, Socruithe Oibre Cumaisc, Comhroinnt Oibre, Bliain Oibre Níos Giorra, Saoire Thuismitheoireachta, Saoire Force Majeure agus Saoire Cúramóirí.

Faoin Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023, tacaímid leo siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu le saoire chun críocha cúraim leighis agus saoire foréigin teaghlaigh.

Trínár gclub sóisialta agus tacaíochtaí eile, spreagaimid caidrimh dhearfacha i measc ár mball foirne.

## Folláine

In 2024 ghlac ár mBainistíocht Shinsearach leis an gcéad Straitéis Folláine de chuid na Comhairle, rud a thóg ar obair a rinne Foireann Sláinte & Sábháilteachta na Comhairle roimhe sin. Chun tacú leis an Straitéis sin, tá sé i gceist againn sainról Oifigigh Folláine a fhorbairt. Leanfaimid orainn ag forbairt ár gClár Folláine chun feasacht a ardú agus folláine ár bhfostaithe a fheabhsú faoi 4 cholún – Folláine Mheabhrach, Fhisiciúil, Shóisialta agus Airgeadais.

Tá os cionn 500 bean fostaithe ag Comhairle Contae Chill Dara: os cionn 45% dár lucht saothair.

Is céim eile inár n-iarrachtaí chun tacú lenár bhfostaithe, cultúr dínite, measa agus uilechuimsitheachta a leabú san ionad oibre agus comhionannas inscne a chur chun cinn é ár mBeartas Meanapáis a ceadaíodh le déanaí.

## Nuálaíocht, Foghlaim agus Forbairt

De réir an Chreata um Chlaochlú sa tSeirbhís Phoiblí, ní mór dúinn a bheith gairmiúil, sofhreagrúil agus nuálach. Le hinfheistíocht inár ndaoine cuirtear ar a gcumas a bheith ar fheabhas agus a ndícheall a dhéanamh. Tacaímid le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) agus le foghlaim agus nuálaíocht leanúnach. Agus dúshláin earcaíochta le sárú ag gach earnáil, ní mór dúinn níos mó ná riamh uasoiliúint, cros-oiliúint, gairmiúlacht, nuálaíocht agus solúbthacht a chur chun cinn.

In 2024, ghlacamar le Beartas Soghluaisteachta chun treoir a thabhairt do dhaoine ar mian leo róil a athrú.

Úsáideann ár bhFoireann Nuálaíochta tiomnaithe réimse uirlisí chun próisis oibre a fheabhsú, i gcomhar leis an bhfoireann, ag baint úsáid as Lean Sigma, Digitiú agus feidhmchláir nuálacha TF.

## Cumarsáid

Tá sé ríthábhachtach go n-éireoidh le cumarsáid éifeachtach dhá threo a chinntiú laistigh de na foirne go léir. Chomh maith le cumarsáid ó lá go lá agus cruinnithe foirne rialta, leanaimid ar aghaidh ag iniúchadh bealaí malartacha chun dul i dteagmháil lenár ndaoine, lena n-áirítear trí The Pulse (r-iris ár bhfoirne) agus an Aip Konnect.

Leanann ionadaithe bainistíochta agus ceardchumainn de bheith ag obair de mheon comhoibrithe agus muiníne trí rannpháirtíocht rialta, agus ag obair go comhoibríoch agus go réamhghníomhach chun ionad oibre dearfach a chur chun cinn.

## Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Táimid tiomanta do chomhionannas deiseanna a chur chun cinn, deireadh a chur le hidirdhealú agus dínit agus cearta daonna ár bhfoirne, ár gcomhaltaí tofa, agus gach duine i gCill Dara a chosaint ar gach feidhm. Tacóidh ár gCreat Cur Chun Feidhme um Dhualgas na hEarnála Poiblí leis an gcuspóir sin, trí choiste tras-rannach chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme Plean Gníomhaíochta um Dhualgas na hEarnála Poiblí. Tacóidh sé sin le hionad oibre ina mothaíonn na daoine go léir go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil baint acu lena gcomhghleacaithe agus ina ndéanann siad a gcion lena ndearcadh agus lena mbuanna.

## Sláinte & Sábháilteacht

Táimid tiomanta go hiomlán do leanúint ar aghaidh ag cinntiú áit shláintiúil agus shábháilte chun oibre. Is mír sheasta í Sláinte agus Sábháilteacht ar chruinnithe démhíosúla na Foirne Ardbhainistíochta. Cuirtear 'cruinniú agus beannú' spriocdhírithe ar fáil do bhainisteoirí sinsearacha, agus iad ag dul i dteagmháil leis an bhfoireann líne tosaigh agus ag éisteacht le ceisteanna. Reáchtálann ár bhFoireann Sláinte agus Sábháilteachta réamhghníomhach réimse leathan imeachtaí, lena n-áirítear, mar chuid dá clár, seiceálacha leighis saor in aisce agus rúnda, vacsaíní saor in aisce, agus comhdháil bhliantúil sláinte agus sábháilteachta a chlúdaíonn réimse saincheisteanna lena n-áirítear ábhair amhail strus, aclaíocht, codladh, ailse, meanapás, etc.

## Bainistíocht Feidhmíochta

Tuigimid nach mbaineann bainistíocht feidhmíochta le hathbhreithnithe lár na bliana agus deireadh na bliana amháin ach go mbaineann sí an oiread céanna le cumarsáid rialta idir bainisteoirí líne agus baill foirne. Sainaithnítear sna comhráite sin agus in PMDS riachtanais foghlama agus forbartha, ionas go bhfuil an cumas ag fostaithe a gcuid oibre a dhéanamh agus aiseolas cothrom, rialta agus cuiditheach a fháil – rud a iompaíonn réimsí forbartha ina réimsí láidreachta.

In 2025 déanfar ár gcóras bainistíochta feidhmíochta a fhorbairt ina chóras nua rPMDS.

# Struchtúr Eagrúcháin



## Aeráid, Pobal & Timpeallacht

- Iarchúram Líonta Talún
- Bainistíocht dramhaíola
- Feasacht Chomhshaoil
- Reiligí
- Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte
- Uisce Tuaithe
- Pleanáil Uisce Dromchla
- Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) san Oirthear agus i Lár na Tíre
- Gníomhú ar son na hAeráide
- Forbairt Pobail agus Tacaíocht
- Aoisbháúil
- Comhpháirtíocht um Shábháilteacht Pobail Áitiúil
- Bríd – Spiorad Chill Dara
- Nascadh Bailte
- Comhpháirtíocht Spóirt
- Ionaid Spóirt agus Phobail
- LCDC

## Seirbhísí Corparáideacha, Daoine agus Cultúir

- Bainistíocht Soláthair agus Réadmhaoine
- Bainistíocht Saoráidí
- Seirbhísí Comhaltaí Tofa
- Seirbhís don Chustaiméir
- Cumarsáid
- Clár na dToghthóirí
- Cosaint Sonraí & Saoráil Faisnéise
- Oifig Tacaíochta Bainistíochta
- Acmhainní Daonna
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Seirbhísí Ealaíon
- Seirbhísí Leabharlainne

## Airgeadas, Seirbhísí Digiteacha, Nuálaíocht agus Rialachas

- Iniúchóireacht Inmheánach
- Nuálaíocht
- Rialachas Corparáideach
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Bailiú Fiach
- Mótarcháin
- Ranníocaíochtaí Forbartha

## Tithíocht agus Athghiniúint

- Tithíocht Shóisialta
- Tithíocht Inacmhainne
- Soláthar Comhlachta Cheadaithe Tithíochta
- Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
- Deontais agus Iasachtaí
- Seirbhísí Ailtireachta
- Cóiríocht don Lucht Siúil
- Seirbhís do Dhaoine gan Dídean
- Seirbhísí Idirchaidrimh le Tionóntaí & Bainistíocht Eastáit
- Cothabháil Tithe
- Iarfheistiú Fuinnimh
- Straitéis Tithíochta & Fáltais
- Cigireachtaí ar Chíosanna Príobháideacha
- Tionscadail Straitéiseacha & Ríocht Phoiblí
- Forbairt Tuaithe & Phobail
- Athghiniúint Baile
- Tithe Folmha
- Láithreáin Thréigthe

## Imeascadh

- Tacaíochtaí agus Seirbhísí Comhtháthaithe
- Foireann Imeasctha na nÚdarás Áitiúil
- Fóram Freagartha Pobail
- Seirbhísí do na hÚcránaigh
- An Scéim Tabhair Dídean

## Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch & Seirbhísí Éigeandála

- Pleanáil ar Aghaidh agus Beartas
- Bainistíocht Forbartha
- Rialú Foirgníochta
- Riarachán Pleanála
- Forfheidhmiú Pleanála
- Oidhreacht Thógtha, Nádúrtha agus Chultúrtha
- An Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ)
- Tacaíocht Fiontraíochta, Forbartha Eacnamaíche agus Turasóireachta
- Seirbhísí Dóiteáin
- Cosaint Shibhialta
- Bainistíocht Móréigeandála

## Iompar, Soghluaisteacht agus Spásanna Oscailte

- Riarachán Iompair (lena n-áirítear Seirbhísí Páirceála)
- Oibríochtaí Iompair
- Iompar Inbhuanaithe
- Páirceanna & Spás Oscailte
- Tionscadail Chaipitil
- Oifig na mBóithre Náisiúnta
- Oifig Tacaíochta na Roinne Iompair



# Bonn Eolais a chur faoin bPlean Corparáideach



## Na Náisiúin Aontaithe

# Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

*Leagtar amach inár spriocanna straitéiseacha uaillmhian go bhfuil an Contae, agus gur féidir leis leanúint de bheith, ina Chontae ionchuimsitheach agus inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus ina Chontae is féidir maireachtáil ann, rud a dheimhníonn siméadrachtaí ardleibhéil idir SFInna na NA agus ár bPlean Corparáideach.*

Ghlac na Náisiúin Aontaithe le Clár Oibre **2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe** in 2015. Ag croílár an Chláir Oibre tá 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna).

Leagtar síos i gClár Oibre 2030 creat beartais dhomhanda, lena dteoraítear ceapadh beartais ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal náisiúnta, agus a théann i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí údarás áitiúil dá réir.

Tá go leor cuspóirí straitéiseacha arna gcur chun feidhme ag Comhairle Contae Chill Dara ailínithe, ar leibhéil éagsúla, le SFInna na Náisiún Aontaithe. Tá na hailínithe sin le feiceáil i bpleananna straitéiseacha nua.



*Le déanaí, i [bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Chill Dara 2024-2029] rinneadh mapáil ar ghníomhartha a moladh i gCaibidil 4 (don Chontae) agus i gCaibidil 5 (do Chrios Dícharbónaithe Mhaigh Nuad) i gcoinne na SFInna.*

*I [bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2024-2029] an Chontae déantar mapáil ar spriocanna ardleibhéil an phlean sin le SFInna na NA.*

Feidhmíonn an Plean Corparáideach mar chreat straitéiseach le haghaidh gníomhaíochta, a nascann beartas, an eagraíocht, gníomhaíocht oibriúcháin, rialachas agus feidhmíocht. Chun na SFInna a leabú go hoibríochtúil, taispeántar sa Phlean Corparáideach ailíniú SFI lenár spriocanna straitéiseacha.

I ndeais tuairiscithe Plean Chorparáidigh atá beartaithe don todhchaí taispeánfar go fiúntach an méid a chuireann an Chomhairle seo le Clár Oibre 2030, trí na naisc idir SFInna na NA agus ár dtáscairí feidhmíochta áitiúla a mhapáil.

Cuirfidh sé sin ár bpáirtithe leasmhara agus ár bhfoireann i dteagmháil tuilleadh maidir le hábharthacht SFInna na NA.

Ar an leibhéal náisiúnta, tá tuarascálacha foilsithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh ar shonraí tháscairí SFI na NA d'Éirinn: www.cso.ie/en/statistics/unsustainabledevelopmentgoals

Léireofar i bPróifíl Dhaonáireamh 2022 bonnlíne do Chontae Chill Dara, a foilsíodh in 2024, agus atá ar fáil anseo, nuair a nuashonrófar í tar éis an chéad daonáirimh eile (atá beartaithe do 2027), ar mhacraileibhéal, stádas seachadta Chlár 2030 freisin.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach suíomh gréasáin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (https://www.un.org/sustainabledevelopment)

Níl ábhar an fhoilseacháin seo formheasta ag na Náisiúin Aontaithe agus ní léiríonn sé tuairimí na Náisiún Aontaithe ná a n-oifigeach nó a mBallstát.




*Éilítear le cuspóir straitéiseach 2 den [2ú Plean Cur Chun Feidhme Náisiúnta do SFInna na NA] go ndéanfaí na SFInna a chomhtháthú in obair Údaráis Áitiúil chun tacú le logánú na SFInna.*

# Dualgas na hEarnála Poiblí

Is oibleagáid é Dualgas na hEarnála Poiblí ("PSD") ar chomhlachtaí poiblí faoi Alt 42(1) den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) 2014 lena n-éilítear go dtabharfaidh siad aird i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna, ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Molann an IHREC cur chuige trí chéim chun an PSD a chur chun feidhme.



## Measúnú

Chun a cuid freagrachtaí faoin PSD a chomhlíonadh, bhain Comhairle Contae Chill Dara úsáid as an Leabhrán Faisnéise "Dualgas na hEarnála Poiblí a Chur chun Feidhme i bPleananna Corparáideacha na nÚdarás Áitiúil" a chuir Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) ar fáil.

I ndiaidh na Treorach sin glacadh cur chuige réamhghníomhach maidir le comhairliúchán, agus d' éascaigh an Chomhairle ceardlanna comhairliúcháin tiomnaithe agus ábhair chomhairliúcháin shaincheaptha do ghrúpaí ábhartha.

Bhí torthaí na gceardlann comhairliúcháin mar bhonn eolais ag ráiteas misin, luachanna agus cuspóirí an Phlean seo, agus tá siad leagtha amach i dTuarascáil Chomhairliúcháin - Aguisín 2.

Ina theannta sin, comhuaineach leis an bpróiseas déanta Pleananna, tá Creat Cur Chun Feidhme um Dhualgas na hEarnála Poiblí curtha le chéile ag Comhairle Contae Chill Dara, ina bhfuil measúnú ar shaincheisteanna chearta an duine agus an chomhionannais sa chontae.





*Bíodh do ghuth le cloisteáil*



*Seoladh na Straitéise Rochtana 2021*

## Seoladh

Aithníonn Comhairle Contae Chill Dara gur dualgas leanúnach é an PSD. Dá bhrí sin, soláthraítear inár gCreat Cur chun Feidhme, a sheachadtar i gcomhthráth lenár bpróiseas déanta Plean, meicníocht seachadta, thar shaolré an Phlean Chorparáidigh.

Tríd an gCreat táimid tiomanta do dhícheall a dhéanamh chun dea-chleachtas a bhaint amach ar fud ár réimse seirbhísí chun freastal ar riachtanais daonra atá ag éirí níos éagsúla.

Cuireann an Chomhairle seo leis an PSD cheana féin trí réimse clár agus gníomhaíochtaí, a bhfuil rogha díobh leagtha amach thíos:

- Oiriúnú Tithíochta: Soláthraítear sa deontas oiriúnaithe athruithe riachtanacha a theastaíonn ó dhaoine scothaosta agus/nó ó dhaoine faoi mhíchumas chun a chinntiú go gcomhlíonann a dtithe a gcuid riachtanas.
- Tacaíocht do theaghlaigh i gcóiríocht ar leith don Lucht Siúil chun rochtain a fháil ar thithe soghluaiste caighdeánacha cónaithe ar ardchaighdeán. Bíonn tionchar díreach aige sin ar chaighdeán maireachtála an teaghlaigh agus tá feabhas curtha aige ar na dálaí maireachtála ar láithreáin ar fud an chontae.
- Scéim Deontais maidir le hAghaidh Siopa, lena n-áirítear oibreacha inrochtaineachta.
- An clár Arts in Health a bhfuil tacaíocht curtha ar fáil aige do Past Time Community Choir agus do Voices of Spring Choir do dhaoine scothaosta.
- Deontais Oidhreachta agus Phobail do réimse leathan grúpaí, lena n-áirítear Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Club Hangout, Bothán na bhFear.
- Tacaíochtaí pobail do thionóntaí tithíochta údaráis áitiúil, agus do ghrúpaí cónaitheoirí.
- Clár Aoisbháúil an Phobail.
- Sparánacht Oideachais do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Clár Bréagán, Teicneolaíochta agus Oiliúna (TTT) na Leabharlann, cláir ETIM agus cainteanna tuismitheoireachta.
- Feidhmíonn Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara réimse clár lena n-áirítear cláir maidir le Spóirt, Ionchuimsiú, Míchumas agus Daoine Fásta Scothaosta.




*Bíodh do ghuth le cloisteáil*

Sonrófar gníomhartha chun tosaíochtaí PSD a chur chun cinn sa Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil. Cuireann ár **straitéis feidhmithe** de cheangal orainn Coiste Stiúrtha PSD a bhunú laistigh den Chomhairle, chun:

- **Measúnú** a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas lena chinntiú go bhfreagraíonn beartais agus pleananna na Comhairle do riachtanais úsáideoirí seirbhíse agus foirne.
- Plean Gníomhaíochta a **chur chun feidhme** a chlúdaíonn Feasacht, Fostaíocht/Earcaíocht, Seachadadh Seirbhíse, Ceapadh Beartais, Cur Chun Feidhme.
- Gníomhú mar **thacadóirí** don dualgas ar fud na heagraíochta, a thugann ar ais sna rannóga éagsúla é, a mhíníonn riachtanais agus acmhainneacht an dualgais, agus a thugann aghaidh ar aon imní faoin dualgas.
- Amlínte cuí a **shainaithint** ar fud na heagraíochta chun an dualgas a chur chun feidhme maidir le pleananna, cláir nó beartais a fhorbairt nó a athbhreithniú.
- **Tacú** le straitéis éifeachtach chumarsáide i dteanga sothuigthe.
- **A chinntiú** go ndéantar gníomhaíochtaí a threorú laistigh de rannóga agus go n-ionchorpraítear iad sa Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil.
- **Iarracht** a dhéanamh oibriú ar bhonn fianaise agus dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara nuair is gá agus/nó nuair is cuí.

## Tuarascáil

Áireoidh Comhairle Contae Chill Dara éacht maidir le Plean Gníomhaíochta um Dhualgas na hEarnála Poiblí a sheachadadh, inár dTuarascáil Bhliantúil, agus foilseoidh sí preasráitis agus nuashonruithe gaolmhara dár gcomhaltaí tofa.







# I d'Fhocail

## Achoimre ar Chomhairliúchán

Ba é aidhm ár gcomhairliúcháin tuiscintí daoine a ghabháil ar na láidreachtaí, dúshláin, deiseanna agus bagairtí don Chontae agus don Chomhairle, chun bonn eolais a chur faoin bPlean. Chomh maith leis sin, gabhadh tosaíochtaí daoine maidir leis an misean, na luachanna agus na cuspóirí is gá chun a chinntiú go bhfreastalaíonn an Plean ar a n-imní.

Chun comhairliúchán a éascú, glacadh le haighneachtaí chuig seoladh ríomhphoist tiomnaithe, i scríbhinn chuig an Roinn Seirbhísí Corparáideacha nó ar líne ar ár dtairseach chomhairliúcháin.

Lena chinntiú tuilleadh go raibh ár bPlean dea-bhunaithe ar eolas ach ionchuimsitheach agus mar léiriú freisin ar dhearcthaí éagsúla ár bpobal, rinneamar ceardlanna chomh freisin, chomh maith le suirbhéanna a scaipeadh, i gcomhréir le moltaí a bhain le Dualgas na hEarnála Poiblí.

### An Próiseas Comhairliúcháin

Ag cruinniú iomlán na Comhairle ar an 29 Iúil 2024, thug na comhaltaí tofa dá n-aire gur cuireadh tús le comhairliúchán poiblí chun Plean Corparáideach nua a dhéanamh.

Bhí comhairliúchán ar siúl ón 30 Iúil, 2024, go dtí an 16 Meán Fómhair, 2024, agus ina measc bhí:

- Preaseisiúint go dátheangach a scaipeadh ar gach comhalta tofa agus ionadaí Oireachtais.
- Preaseisiúint go dátheangach a eisíodh chuig ár dteagmhálacha meán go léir.
- Foilsiú ar ár suíomh gréasáin comhairliúcháin, agus suíomh gréasáin na Comhairle agus scaipeadh suirbhé maidir le Plean Corparáideach don fhoireann ar fad.
- Fógraí a foilsíodh ag Áras Chill Dara agus i bhfoirgnimh phoiblí eile.
- Fógra maidir le comhairliúchán leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil.
- Fógra faoi thosú an chomhairliúcháin d'ionadaithe ón gCoiste um Beartas Straitéiseach earnála atá ag dul as oifig.
- Teachtaireachtaí ar na meáin shóisialta le linn na tréimhse comhairliúcháin i mBéarla agus i nGaeilge, lena n-áirítear tríd an PPN (tá os cionn 700 grúpa pobail cláraithe sa líonra sin).
- Fógraí dátheangacha sna nuachtáin áitiúla - Leinster Leader, The Nationalist, Liffey Champion.
- Fógraí Raidió Dátheangach ar raidió áitiúil KFM.

*Tá Tuarascáil Chomhairliúcháin níos mionsonraithe, lena n-áirítear aiseolas achomair ó cheardlanna agus ó shuirbhéanna, leagtha amach in Aguisín 2 den Phlean seo.*

Ina theannta sin, áiríodh leis an bpróiseas comhairliúcháin measúnú ar phríomhdhoiciméid bheartais a rinneadh le déanaí amhail an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Plean Forbartha Contae. Cuimsíonn na pleananna seo tuairimí a cuireadh in iúl i gcomhairliúchán freisin, rud a thairgeann deis bhreise chun saincheisteanna ábhartha a bhreithniú.

# Ár mBunluachanna

*Treoraíonn ár luachanna muid, agus sainíonn siad an tslí ina n-iompróimid féin, agus muid ag iarraidh todhchaí inbhuanaithe a chruthú le chéile a fheabhsaíonn cáilíocht na beatha do mhuintir Chill Dara ar fad.*

Bíonn tionchar ag torthaí an chomhairliúcháin ar na luachanna, na spriocanna agus na cuspóirí tacaíochta atá inár bPlean.

Agus muid ag comhlíonadh ár misean agus ag leanúint le feidhmiú an phlean seo, beidh comhaltaí tofa agus fostaithe faoi threoir ár mBunluachanna.

**01** **Dírithe ar an gCustaiméir**

Táimid tiomanta do fhreastal ar mhuintir Chill Dara ar bhealach atá inrochtana, freagrúil, cóir, ionchuimsitheach agus cothrom.

**02** **Gairmiúil**

Táimid tiomanta d'ardchaighdeáin seachadta seirbhíse, agus muid ag tacú le hoiliúint, forbairt phearsanta agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

**03** **Nuálach**

Táimid ag breathnú chun cinn agus ag súil le riachtanais amach anseo, toilteanach comhoibriú agus teacht ar bhealaí nua agus níos fearr chun fadhbanna a oibriú agus a réiteach.

**04** **Measúil**

Táimid tiomanta do dhul i dteagmháil lenár gcustaiméirí agus lena chéile le dínit, ionracas agus ar bhealach atá dea-bhéasach agus cúirtéiseach.

**05** **Trédhearcach**

Táimid oscailte agus cuntasach agus toilteanach freagracht a ghlacadh as ár ngníomhartha.







*Ceannoifig Áras Chill Dara, An Nás, Co. Chill Dara*

# Spriocanna Straitéiseacha

## Gníomhú ar son na hAeráide, Athléimneacht agus Cosaint an Chomhshaoil

Ceannaireacht a léiriú san aistriú chuig geilleagar áitiúil atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

| | |
|---|---|
| **Ailíniú le SFInna na NA** | 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY; 6 CLEAN WATER AND SANITATION; 10 REDUCED INEQUALITIES; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES; 12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION; 13 CLIMATE ACTION; 14 LIFE BELOW WATER; 15 LIFE ON LAND |

## Éifeachtúlacht Fuinnimh a mhéadú, Córais agus Foinsí Fuinnimh a Dhícharbónú

Ardchaighdeáin cleachtais bainistíochta fuinnimh a threorú agus tacú leo agus é sin a choinneáil ar fud na heagraíochta chun a chinntiú go mbainfear amach sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030.

| | |
|---|---|
| **Ailíniú le SFInna na NA** | 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY; 10 REDUCED INEQUALITIES; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES; 12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION; 13 CLIMATE ACTION |

## Réitigh agus Tacaíochtaí Tithíochta

Aghaidh a thabhairt ar sholáthar tithíochta trí sheirbhísí agus tacaíochtaí tithíochta a sholáthar agus tríd an bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta de chuid Chill Dara a chur chun feidhme.

| | |
|---|---|
| **Ailíniú le SFInna na NA** | 10 REDUCED INEQUALITIES; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES; 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 13 CLIMATE ACTION; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE |

## Bonneagar agus Forbairt Inbhuanaithe a Chumasú agus a Sheachadadh

Forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus fhisiciúil atá inbhuanaithe agus inrochtana a chumasú agus a sheachadadh, chun freastal ar riachtanais an daonra atá ag fás agus éagsúil sa Chontae.

| | |
|---|---|
| **Ailíniú le SFInna na NA** | 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES; 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 13 CLIMATE ACTION |

## Geilleagar agus Fostaíocht

Contae cuimsitheach agus bríomhar ó thaobh an gheilleagair de a chumasú a mheallann na hacmhainní agus an infheistíocht atá riachtanach le haghaidh fás inbhuanaithe leanúnach.

| | |
|---|---|
| **Ailíniú le SFInna na NA** | 8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES; 5 GENDER EQUALITY; 10 REDUCED INEQUALITIES; 13 CLIMATE ACTION |

## Athghiniúint Bailte agus Sráidbhailte

Gníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta ár mbailte agus ár sráidbhailte a athbheochan.

| | |
|---|---|
| **Ailíniú le SFInna na NA** | 13 CLIMATE ACTION; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES; 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH |

## Ceannaireacht, Ionchuimsiú agus Folláine an Phobail

Pobail athléimneacha a fhorbairt, tacú le gach duine saol iomlán, sláintiúil agus cuimsitheach a chaitheamh agus taitneamh a bhaint as ardchaighdeán beatha ag gach céim.

| | |
|---|---|
| **Ailíniú le SFInna na NA** | 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 10 REDUCED INEQUALITIES; 5 GENDER EQUALITY; 13 CLIMATE ACTION; 1 NO POVERTY; 17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS; 16 PEACE, JUSTICE AND STRONG INSTITUTIONS |

## Daoine, Seirbhís, Acmhainní agus Nuálaíocht

Leanúint ar aghaidh ag cur an Chláir um Athchóiriú Rialtais Áitiúil chun feidhme agus tacú le cumarsáid agus le soláthar seirbhísí trí thionchar ár ndaoine, ár maoiniú, ár seirbhísí agus ár n-acmhainní TFC a uasmhéadú.

| | |
|---|---|
| **Ailíniú le SFInna na NA** | 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 13 CLIMATE ACTION; 5 GENDER EQUALITY; 16 PEACE, JUSTICE AND STRONG INSTITUTIONS; 17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS; 10 REDUCED INEQUALITIES |

# Straitéisí Tacaíochta

## Gníomhú ar son na hAeráide agus Athléimneacht, Fuinneamh agus Cosaint an Chomhshaoil

*Ceannaireacht a léiriú san aistriú chuig geilleagar áitiúil atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de.*

1. Ceannaireacht a léiriú maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chontae Chill Dara a chur chun feidhme.
2. Forfheidhmiú, ceadúnú, deimhniú agus rialáil láidir leanúnach a chinntiú i gcosaint an chomhshaoil agus i bhforfheidhmiú pleanála chun an comhshaol tógtha agus nádúrtha a bhainistiú agus a chosaint.
3. Fás cuí an chontae a éascú, agus í ag comhoibriú le páirtithe leasmhara ag an am céanna, chun bithéagsúlacht, córais uisce, oidhreacht nádúrtha agus thógtha, agus bonneagar glas, lena n-áirítear tailte portaigh, a chosaint agus a fheabhsú agus chun tionchair an athraithe aeráide a laghdú.
4. Gníomhú ar son na haeráide agus cosaint an chomhshaoil a spreagadh i bpobail áitiúla trí litearthacht aeráide, forbairt acmhainne, beartas agus tacaíocht airgeadais a mhéadú.
5. Aistriú Cóir a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme.
6. Cuspóirí agus gníomhaíochtaí maidir leis an aeráid, uisce agus bithéagsúlacht a ailíniú laistigh dár gcláir oibre chun an éifeachtúlacht is fearr is féidir a bhaint as acmhainní atá ann cheana agus chun comhoibriú le húdaráis áitiúla eile chun tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide a spreagadh.
7. Feirmeoirí a chur chun cinn agus tacú leo agus iad ag éagsúlú go gníomhaíochtaí talmhaíochta carbóin níos ísle, agus feidhmíocht eacnamaíoch na hearnála talmhaíochta i gCill Dara a choinneáil ag an am céanna.
8. Tacú le cur chun feidhme agus le tosaíochtaí an Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030.
9. Prionsabail na hinbhuanaitheachta a leabú agus tacú le tionscnaimh an gheilleagair chiorclaigh, trí oiliúint, feasacht agus tacaíochtaí chun daoine agus gnólachtaí a chumasú chun roghanna feasacha inbhuanaithe, ciorclach agus dearfacha ó thaobh na haeráide a dhéanamh.
10. Leanúint ar aghaidh le maoiniú a fháil, feasacht air a chur chun cinn agus é a riar, rud a chinntíonn cosaint chuí oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha an Chontae.
11. Maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí drochaimsire agus ar mhórsheirbhísí éigeandála atá freagrúil agus comhordaithe, i gcomhar le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, lena n-áirítear cosaint shibhialta.
12. Ailíniú ár bpleananna agus ár gcuspóirí le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a leathnú agus tuairisciú ar sheachadadh.
13. Straitéis Bonneagair Ghlais agus Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta ar fud an chontae a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
14. Leanúint ar aghaidh ag cur ár gclár cothabhála ar spás taitneamhachta agus áineasa chun feidhme ar bhealach a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide agus le cosaint na bithéagsúlachta.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh a mhéadú, Córais agus Foinsí Fuinnimh a Dhícharbónú

*Ardchaighdeáin cleachtais bainistíochta fuinnimh a threorú agus tacú leo agus é sin a choinneáil ar fud na heagraíochta chun a chinntiú go mbainfear amach sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030.*

1. Tacú le giniúint, tarchur agus úsáid leictreachais in-athnuaite i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta agus réigiúnach lena n-áirítear an Creat Beartais um Stóráil Leictreachais
2. Nuálaíocht a chur chun cinn i gCrios Dícharbónaithe 2 i Maigh Nuad agus iniúchadh a dhéanamh ar thionscadail nua ísealcharbóin a leathnú chuig bailte agus sráidbhailte eile.
3. Leanúint ar aghaidh ag forbairt ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha chun tionscnaimh phíolótacha fuinnimh a fhorbairt (amhail Téamh Ceantair) le Biúró Fuinnimh an Lár-Oirthir agus SEAI, a léiríonn réitigh fuinnimh inbhuanaithe.
4. Tacú leis an bhFoireann Bainistíochta Fuinnimh agus leis na feidhmeanna go léir a bhaineann le lorg carbóin agus costais fuinnimh na Comhairle a laghdú, trí dhícharbónú ár bhflít a chur chun cinn, soilsiú poiblí LED a thabhairt isteach de réir a chéile, éifeachtúlacht fuinnimh ár bhfoirgneamh a iarfheistiú agus a fheabhsú agus soláthar glas a leathnú
5. Leanúint ar aghaidh ag tacú le Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe (SECanna) chun máistirphleananna fuinnimh a ullmhú agus chun bonneagar agus seirbhísí a sholáthar
6. Maoiniú a fháil faoi Aistriú Cóir chun dlús a chur le haistriú chuig fuinneamh glan agus soláthar fuinnimh a éagsúlú le foinsí fuinnimh glana agus inacmhainne
7. Córais Bainistíochta Fuinnimh ISO50001 a chur chun feidhme ar fud ár bhfoirgneamh ina bhfuil an t-éileamh is airde ar fhuinneamh.

## Réitigh agus Tacaíochtaí Tithíochta

*Aghaidh a thabhairt ar sholáthar tithíochta trí sheirbhísí agus tacaíochtaí tithíochta a sholáthar agus tríd an bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta de chuid Chill Dara a chur chun feidhme.*

1. Tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar i gCill Dara i gcomhréir le cuspóirí náisiúnta i dTithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn, nó aon chlár ina dhiaidh sin.
2. An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029 a chur chun feidhme, agus tacú le daoine den Lucht Siúil, atá faofa do thithíocht shóisialta, rochtain a fháil ar thacaíochtaí tithíochta cuí.
3. Rochtain ar thithíocht shóisialta agus ar thacaíochtaí eile a éascú, sa chás gur léirigh iarratasóirí incháilitheacht leis na critéir riachtanacha.
4. Trí chomhoibriú le comhpháirtithe gníomhaireachta, Plean Gníomhaíochta Réigiúnach an Lár-Oirthir um Easpa Dídine a chur chun feidhme agus seirbhísí agus áiseanna a sholáthar a thugann aghaidh ar easpa dídine agus chun tacaíochtaí a chur ar fáil a chuireann ar chumas daoine a dtionóntachtaí a chothú.
5. Iarracht a dhéanamh leibhéil tithe folmha a íoslaghdú agus cáilíocht ár stoic tithíochta a fheabhsú trí mhonatóireacht éifeachtach agus trí dheisiú/athchóiriú leanúnach a dhéanamh ar réadmhaoine.
6. I gcomhpháirtíocht le Fóram Tithíochta agus Míchumais Chill Dara, Plean Straitéiseach Chill Dara um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur chun feidhme.
7. Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a sheachadadh, nó tacú leo chun tithíocht Aoisbháúil a sholáthar.
8. An beartas maidir le méid ceart a chur chun feidhme mar atá leagtha amach sa Scéim Leithdháilte um Thacaíocht Tithíochta Sóisialta a Sholáthar
9. Leanúint ar aghaidh ag cur clár feabhsuithe ar ár stoc tithíochta chun cinn faoin gClár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh, chun tacú lenár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.
10. Beartas um Iompar Frithshóisialta agus Straitéis Bainistíochta Eastát Chomhairle Contae Chill Dara a chur chun feidhme
11. Tacú le Grúpa Stiúrtha Iarchúraim Tusla chun cabhrú le freagairtí comhordaithe do dhaoine óga leochaileacha.
12. Monatóireacht a dhéanamh ar chóiríocht phríobháideach ar cíos trí chigireachtaí i gcomhréir leis na spriocanna atá leagtha síos ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## Bonneagar agus Forbairt Inbhuanaithe a Chumasú agus a Sheachadadh

***Forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus fhisiciúil atá inbhuanaithe agus inrochtana a chumasú agus a sheachadadh, chun freastal ar riachtanais an daonra atá ag fás agus éagsúil sa Chontae.***

1. Leanúint ar aghaidh ag athbhreithniú ar an gClár Caipitil rollach trí bliana, ag tacú leis agus ag tuairisciú air, agus deiseanna maoinithe seachtracha a shaothrú go gníomhach agus tús áite a thabhairt do leithdháileadh acmhainní chun seachadadh tionscadal tosaíochta a éascú.
2. Deiseanna maoinithe caipitil atá bunaithe ar fhianaise a shaothrú go gníomhach agus go hiomaíoch a thugann aghaidh ar riachtanais dhaonra an chontae atá ag dul i méid agus a aithníonn ceantair dhíothachta agus ardéilimh.
3. Leanúint ar aghaidh ag cinntiú comhsheasmhachta le straitéisí Náisiúnta agus Réigiúnacha trí fhorálacha agus cur chun feidhme an Phlean Forbartha Contae, na bPleananna Ceantair agus na gCreataí lena gcinntítear ailíniú idir fás agus seachadadh príomhbhonneagair fhisiciúil agus shóisialta.
4. Pleanáil do riachtanais ár ndaonra atá ag fás trí shuíomhanna straitéiseacha a shainaithint agus tacú le soláthairtí leordhóthanacha de thalamh seirbhísithe criosaithe chun pobail inbhuanaithe a sholáthar.
5. Tríd ár mbeartas pleanála spásúla tacú le cur chun feidhme cuí an Phlean Forbartha Contae mar a bhaineann sé le forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear gnéithe amhail an lonnaíocht 10 nóiméad, Tús Áite do Lár Baile, taisteal gníomhach, soghluaisteacht inbhuanaithe, fuinneamh inbhuanaithe agus forbairt dhlúth.
6. Seirbhís pleanála éifeachtach, éifeachtúil agus nuálach a chur ar fáil, a éascaíonn seachadadh tithe ardchaighdeáin agus comharsanachtaí úsáide measctha inbhuanaithe ar scála cuí, fás fostaíochta agus deiseanna eacnamaíocha agus ríocht phoiblí fheabhsaithe, agus oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha Chill Dara á cosaint ag an am céanna.
7. Tacú le príomhthionscadail bhonneagair a chur chun feidhme i gContae Chill Dara, atá i dTionscadal Éireann 2040 agus go háirithe laistigh de Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042. Is éard atá i gceist leis sin ná oibriú le páirtithe leasmhara ábhartha chun scéimeanna a sholáthar i gcomhréir le beartais idirnáisiúnta, Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha um shoghluaisteacht inbhuanaithe.
8. Forbairt agus úsáid na nGlasbhealaí/na nGormbhealaí/na mBealaí Móna agus na bailte/na sráidbhailte máguaird a chur chun cinn chun tacú le fostaíocht, turasóireacht, taisteal inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála sláintiúla.
9. Bonneagar bóithre a bhainistiú, a chothabháil agus a fheabhsú, inbhuanaitheacht agus sábháilteacht a fheabhsú ar fud an ghréasáin bóithre
10. Tacú leis an Straitéis Dhigiteach Náisiúnta agus lenár ngeilleagar áitiúil trí bhonneagar leathanbhanda agus teileachumarsáide ar ardchaighdeán agus ionchuimsiú digiteach a chumasú.
11. Tacú le cur chun feidhme Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch Thionól Réigiúnach an Oirthir & Lár Tíre 2019 go 2031
12. Forbairt eacnamaíoch, giniúint fostaíochta agus straitéis mhiondíola atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a chur chun feidhme a dhíríonn ar thailte oiriúnacha agus a shainaithníonn iad ag láithreacha a éascaíonn fás eacnamaíoch inbhuanaithe an Chontae.
13. Pleanáil go gníomhach le haghaidh riachtanais oideachais ar fud an Chontae ó oideachas réamhscoile go hoideachas tríú leibhéal i gcomhar le Ranna Rialtais ábhartha.
14. Comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun seachadadh réimse áiseanna sóisialta atá inrochtana go huilíoch, ilúsáide agus ionchuimsitheach a chur chun cinn.
15. Iarracht a dhéanamh soláthar áiseanna snámha, áiseanna súgartha, spásanna do dhéagóirí, páirceanna spóirt, ionad aclaíochta faoin aer, spáis oscailte agus trealaimh aclaíochta do dhaoine fásta a chothabháil, de réir éilimh mhéadaitheacha, agus in áiteanna atá inrochtana agus ina gcuirtear ionchuimsiú sóisialta chun cinn, agus próifíl dhéimeagrafach an Chontae a shainaithint.
16. Tacú le forbairt agus uasghrádú ár leabharlann agus cur lena ról mar phríomhéascaitheoirí gníomhaíochtaí pobail, ealaíon, oideachais, sóisialta agus cultúrtha.
17. Cabhrú le hUisce Éireann agus é ag soláthar infheistíochtaí suntasacha caipitil sa Chontae.
18. Tacú leis an bPlean Gníomhaíochta Uisce 2024 - Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn agus an Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe
19. Seachadadh Pleananna Bainistíochta Riosca Tuilte OOP a éascú
20. Seirbhís um Rialú Tógála atá éifeachtach agus éifeachtúil a oibriú, seirbhís a thacaíonn le timpeallacht thógtha atá ar ardchaighdeán, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar

## Geilleagar agus Fostaíocht

***Contae cuimsitheach agus bríomhar ó thaobh an gheilleagair de a chumasú a mheallann na hacmhainní agus an infheistíocht atá riachtanach le haghaidh fás inbhuanaithe leanúnach.***

1. Chun Cill Dara a chur chun cinn mar an láthair is fearr le haghaidh Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) nua, oibriú le gníomhaireachtaí ábhartha ar nós an IDA agus Fiontraíocht Éireann agus tacú le cuideachtaí IDC atá ann cheana féin chun a ngnó a chothú agus a leathnú.
2. Líonra cuimsitheach, comhtháite de mhoil chianoibre a bhunú agus tacú le saoráidí comhoibrithe atá ann cheana, moil/ríomh-mhoil dhigiteacha agus ionaid ríomhoibre, atá ag díriú ar fhostóirí atá lonnaithe sa chathair agus atá ag cur obair sholúbtha áitiúil chun cinn.
3. Chun forbairt agus cothabháil na tairisceana miondíola i gContae Chill Dara a éascú agus chun tacú léi.
4. Cill Dara a chur chun cinn mar Chontae na gCapall Folaíochta trí eolas nua a aimsiú, a roinnt agus a úsáid a fheabhsóidh sláinte, feidhmíocht agus bainistiú capall.
5. Forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn agus tacú léi ar fud an chontae, agus díriú go háirithe ar cheantair ina bhfuil rannpháirtíocht eacnamaíoch lag agus nach bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch thraidisiúnta inmharthana a thuilleadh.
6. Gnólachtaí ar fud Chill Dara a spreagadh agus tacú leo le bheith níos inrochtana agus grúpaí a fhostú go réamhghníomhach a bhfuil dúshláin rompu chun dul isteach sa lucht saothair
7. Fiontraíocht áitiúil a chur chun cinn trí shamhlacha braislithe agus tacú lena bhforbairt leanúnach trí sheirbhísí tacaíochta comhtháite, inrochtana a bheidh dírithe ar mhicrifhiontair, gnóthais bheaga agus fiontair shóisialta ar fud an chontae.
8. Gnólachtaí a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh le bheith níos inrochtana agus grúpaí a fhostú go réamhghníomhach a bhfuil dúshláin rompu chun dul isteach sa lucht saothair
9. Cur le hiomaíochas agus le táirgiúlacht na bhfiontar beag agus na micrifhiontar agus tacú le huaillmhian na ngnóthas beag chun forbairt a dhéanamh agus chun dul san iomaíocht ag leibhéal idirnáisiúnta.
10. Uasoiliúint, soghluaisteacht ó phost go chéile agus bainistiú cruthaithe fiontair a spreagadh agus tacú lena leithéid.
11. Oibriú le Fáilte Chill Dara, Fáilte Éireann, gníomhaireachtaí ábhartha eile agus leis an earnáil gnó chun branda turasóireachta Chontae Chill Dara (Sean-Oirthear na hÉireann & an Contae Capaill Folaíochta) agus tairiscintí áineasa a neartú, lena n-áirítear forbairt ar an mbonneagar atá ann cheana féin agus Glasbhealaí, Bealaí Móna agus Gormbhealaí a chur chun cinn
12. Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag cothú forbairtí nuálacha fiontraíochta amhail Spás Machnaimh Nuálaíochta Réigiúnach an Lár-Oirthir (An Nás), an Mol Eachaí (An Ghraí Náisiúnta, Cill Dara), an Mol Bia & Nuálaíochta (Baile Átha Í), agus an Mol Teicstíle (Mainistir Eimhín), agus deiseanna nua maoinithe a shaothrú dá bhforbairt.

## Athghiniúint Bailte agus Sráidbhailte

*Gníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta ár mbailte agus ár sráidbhailte a athbheochan.*

1. Bailte agus sráidbhailte bríomhara agus gnóthacha a chruthú ina mbaineann cónaitheoirí leas as áiteanna feidhmiúla, ionchuimsitheacha, tarraingteacha, nasctha agus bríomhara chun cónaí iontu, oibriú, infheistíocht a dhéanamh, cuairt a thabhairt orthu agus le sóisialú.
2. Forbairt tailte athfhorbraíochta agus tailte athghiniúna sainaitheanta a chur chun cinn ar bhealach a uasmhéadaíonn meicníochtaí maoinithe atá in ann acmhainn forbartha na dtailte sin a éascú agus a dhíríonn orthu go réamhghníomhach.
3. Tithe folmha sa chontae a bhainistiú go gníomhach tríd an Straitéis um Thithe Folmha a chur chun feidhme, deiseanna a shaothrú le haghaidh éadáil éigeantach agus oibriú go réamhghníomhach chun líon na Láithreán Tréigthe a laghdú.
4. Forbairt inlíonta, forbairt úsáide measctha agus áitribh thar fhoirgnimh aghaidhe siopa a spreagadh chun maireachtáil uirbeach a athghiniúint agus infhaighteacht tithíochta i mbailte agus i sráidbhailte a mhéadú.
5. Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht fhairsing le pobail áitiúla, ionadaithe tofa, ranna agus gníomhaireachtaí rialtais chun maoiniú a fháil agus chun athruithe a chur chun feidhme a chuireann feabhsuithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil ar fáil dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu inár mbailte agus inár sráidbhailte, a oibríonn iontu agus a thugann cuairt orthu.
6. Leanúint ar aghaidh ag forbairt réitigh beartais áitiúla, dreasachtaí agus ár gcumhachtaí dlíthiúla a chur chun feidhme chun tacú leis an mBeartas Náisiúnta um Thús Áit do Lár Baile agus forbairt dhlúth agus soláthar tithíochta a bhaint amach.
7. Feasacht agus úsáid tionscnamh Rialtais a chur chun cinn atá ceaptha chun tithíocht a sholáthar amhail an Scéim Ceannaigh & Athnuachana, an Scéim Deisiúcháin & Léasaithe, Croí Cónaithe agus Scéimeanna dá samhail amach anseo.
8. Feabhas i ndearadh uirbeach a éascú agus a chur chun cinn a chruthaíonn ríocht phoiblí ardchaighdeáin agus a chumasaíonn aistriú ó iompar carrbhunaithe.
9. Acmhainneacht ár bpobal a uasmhéadú trí chleachtais nuálacha athghiniúna tuaithe, agus ár gceantar tuaithe a fhorbairt chun teacht le riachtanais an phobail.
10. Díriú ar dheiseanna maoinithe chun cláir maidir leis an ríocht phoiblí agus comhfhorbairt áite a sholáthar a thacaíonn lenár ngníomhaíocht athghiniúna uirbí agus tuaithe agus a fheabhsaíonn Cill Dara mar shuíomh ardchaighdeáin le maireachtáil, le hoibriú agus le cuairt a thabhairt air.
11. Tacú le forbairt inbhuanaithe Glasbhealaí agus Gormbhealaí a sholáthraíonn naisc idir bealaí siúil agus rotharbhealaí.

## Ceannaireacht, Ionchuimsiú agus Folláine an Phobail

*Pobail athléimneacha a fhorbairt, tacú le gach duine saol iomlán, sláintiúil agus cuimsitheach a chaitheamh agus taitneamh a bhaint as ardchaighdeán beatha ag gach céim.*

1. Cur chun feidhme an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) 2024 – 2029 a threorú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara pobail agus eacnamaíocha eile.
2. Tacú le daoine de gach aois as gach cearn de Chill Dara, go háirithe i bpobail nuabhunaithe, atá eisiata go sóisialta agus atá ag forbairt, chun bualadh lena chéile agus tairbhe a bhaint as deiseanna sóisialta, oideachais, sláinte, fostaíochta, áineasa, ealaíon agus cultúrtha, trí raon clár atá dírithe ar an bhforbairt pobail, ionchuimsiú sóisialta, ealaíona pobail, oideachas, sláinte agus cláir spriocdhírithe eile. Beidh sé seo mar bhonn le ceannaireacht áitiúil, úinéireacht, ionchuimsiú agus braistint bróid agus muintearais a fhorbairt i bpobail áitiúla.
3. Tacú le hobair dheonach inár bpobal agus í a spreagadh agus aitheantas a thabhairt don mhéid a chuireann sí le cáilíocht beatha gach duine.
4. Cur chun feidhme Straitéis Imeasctha Chontae Chill Dara 2020-2026 (agus straitéisí ina dhiaidh sin) a threorú chun tacú le himeascadh daoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha agus ó phobail nua a bhfuil cónaí orthu i gCill Dara, a oibríonn ann nó a dhéanann staidéar ann.
5. Pointe teagmhála amháin a chur ar fáil i gComhairle Contae Chill Dara i dtaca le hIarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, Tairbhithe de Chosaint Shealadach, daoine le Stádas agus Dídeanaithe Cláir a bhfuil cónaí orthu i gCill Dara, agus comhoibriú le páirtithe leasmhara chun tacaíochtaí agus seirbhísí atá ar fáil trí chlinicí agus trí obair for-rochtana a fhógairt a chabhraíonn lena n-imeascadh rathúil i bpobail ar fud Chontae Chill Dara.
6. Maoirseacht a dhéanamh agus comhoibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta in LCDC chun cur chuige comhcheangailte, trasearnála a chur chun feidhme maidir le cláir forbartha áitiúla agus pobail, lena ndírítear go háirithe ar na daoine is mó atá eisiata.
7. Tacú le cur chun feidhme Straitéis Rochtana Chontae Chill Dara - "Cur Chuige Rochtana Uilíche" trí inrochtaineacht a chomhtháthú i gcláir oibre ar fud na heagraíochta agus ár rannpháirtíocht le comhlachtaí ionadaíocha a leathnú.
8. Leanúint ar aghaidh ag tacú le rannpháirtíocht ghníomhach agus le maireachtáil neamhspleách daoine scothaosta trí "Straitéis Aoisbhháúil Chontae Chill Dara 2023-27" agus cláir ghaolmhara ar fud na heagraíochta a chur chun feidhme, i gcomhpháirtíocht le príomhghníomhaireachtaí.
9. Oibriú le Coiste Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga Chill Dara chun tacú le cur chun feidhme an Phlean nua do Leanaí agus do Dhaoine Óga.
10. Trínár dtacaíocht ón tSeirbhís Leabharlainne agus Ealaíon, dul i dteagmháil lenár sochaí ilghnéitheach agus í a imeascadh, trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil, trí chruthaitheacht agus trí nuálaíocht agus trí chumhacht agus spreagadh a thabhairt trí rochtain uilíoch a sholáthar ar eolas agus ar fhaisnéis, ar na healaíona agus ar chultúr.
11. Tacú le cur chun feidhme Straitéis Ealaíon an Chontae 2023-2027, Plean Forbartha Seirbhíse Leabharlainne 2024-2028 agus Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chill Dara 2023-2027.
12. Trí líonraí, lena n-áirítear Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chill Dara, Comhairle na nÓg, Comhairle na nDaoine Scothaosta, Grúpaí Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas, Kildare Traveller Action, Ionad d'Obair Dheonach Chill Dara, Foirne Baile agus grúpaí deonacha ionadaíocha eile, spreagfar rannpháirtíocht fhiúntach agus tacófar léi chun eolas a thabhairt do thionscnaimh phobail áitiúla, pleanáil agus cinnteoireacht, chomh maith le hionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta.
13. Leanúint lenár dtiomantas leanúnach chun comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint trí Dhualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme.

14. Leanúint ar aghaidh ag cinntiú shábháilteacht an phobail agus cosaint an bhonneagair trí sheirbhís dóiteáin éifeachtach.

15. Comhoibriú le seirbhísí agus pobail stáit tríd an gComhpháirtíocht um Shábháilteacht Pobail Áitiúil (LCSP) chun pobail níos sábháilte a sholáthar i gCill Dara.

16. Soláthar áiseanna áineasa, spóirt agus spáis oscailte sa Chontae a éascú

17. Oideachas a chur ar an bpobal agus cur le cumas an phobail ar fad páirt a ghlacadh i stíleanna maireachtála níos sláintiúla trí Straitéis Áineasa Allamuigh Chill Dara, Plean Spóirt Chill Dara, Sláintecare agus Clár Éire Shláintiúil.

18. Féilte, imeachtaí pobail agus cultúrtha atá bunaithe go háitiúil a fhorbairt agus a chur chun cinn ar fud Chill Dara chun tacú le rannpháirtíocht, bród agus ionchuimsiú an phobail agus chun oidhreacht shóisialta agus chultúrtha Chill Dara agus a muintire go léir a chaomhnú agus a cheiliúradh.

19. "Bríd – Spiorad Chill Dara" a chur chun cinn agus a fhorbairt chun ionchuimsiú cultúrtha agus féiniúlacht a chur chun cinn, agus tacú le hacmhainneacht turasóireachta Chill Dara. Leagtar béim san fhéile ar na luachanna a bhí á gcur chun cinn ag Naomh Bríd, amhail creideamh, spioradáltacht, síocháin, inbhuanaitheacht, na healaíona agus cultúr, ceartas sóisialta, fáilteachas agus oideachas, agus a n-ábharthacht ar fud an domhain sa lá atá inniu ann. Tá na luachanna sin ábhartha fós agus tá siad thar a bheith tábhachtach i saol an lae inniu, agus soláthraíonn siad eispéireas cultúrtha a théann níos faide ná ceiliúradh chun pobal, cruthaitheacht agus oidhreacht fhiúntach a chothú

## Daoine, Seirbhís, Acmhainní agus Nuálaíocht

***Leanúint ar aghaidh ag cur an Chláir um Athchóiriú Rialtais Áitiúil chun feidhme agus tacú le cumarsáid agus le soláthar seirbhísí trí thionchar ár ndaoine, ár maoiniú, ár seirbhísí agus ár n-acmhainní TFC a uasmhéadú.***

1. Plean Straitéiseach don Lucht Saothair a ullmhú chun riachtanais earcaíochta a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus ag an am céanna uasoiliúint, cros-oiliúint, forbairt acmhainne, gairmiúlacht, nuálaíocht agus solúbthacht a chur chun cinn chun ár gcuspóirí corparáideacha a bhaint amach.

2. Tionscnaimh a fhorbairt chun a chinntiú gur áit iontach oibre í Comhairle Contae Chill Dara, lena n-áirítear ár Straitéis Daoine agus ár Straitéis Folláine a chur chun feidhme.

3. Leanúint ar aghaidh ag nuáil agus ag glacadh bealaí nua chun ár n-eagraíocht a chur chun cinn mar an fostóir is fearr chun foireann oiriúnach a earcú agus a choinneáil.

4. Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag maoirsiú timpeallacht oibre atá sábháilte, tacúil, inrochtana agus sláintiúil do chách.

5. Tacú leis an daonlathas áitiúil trí chuidiú le ról na gcomhaltaí tofa agus trí chlárú vótálaithe a mhéadú.

6. Comhoibriú agus comhroinnt eolais a chur chun cinn ar fud an rialtais áitiúil agus príomheagraíochtaí, maidir le sineirgí agus éifeachtúlachtaí oibríochtúla a lorg.

7. Anailís sonraí fheabhsaithe ar fud na heagraíochta a fhorbairt, agus tuairisciú táscairí le haghaidh léargais bhainistíochta níos fearr agus éifeachtúlachtaí seirbhíse spriocdhírithe.

8. Úsáid a bhaint as seirbhísí Néal-chumasaithe, feidhmchláir TFC, GIS, tionscnaimh ríomh-Rialtais lena n-áirítear, nuair is cuí, intleacht shaorga, chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun é a dhéanamh níos éasca do chustaiméirí rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis.

9. Leanúint le cultúr nuálaíochta agus tionscadail athraithe a bhfuil tionchar acu a bhrú chun cinn a chuireann le heispéireas na n-úsáideoirí ar ár seirbhísí agus ár n-áiseanna.

10. Leanúint le hacmhainní a chur ar fáil do bhearta cibearshlándála agus d'fheasacht foirne chun rioscaí gaolmhara a mhaolú agus iad sin a chur chun feidhme.

11. Leanúint ar aghaidh ag tacú le cur i bhfeidhm Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil

12. Athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar ár gcainéil chumarsáide chun faisnéis thráthúil agus úsáideach a sholáthar a dhéanann sé níos éasca do chustaiméirí rochtain a fháil ar sheirbhísí.

13. Feabhas a chur ar infheictheacht agus ar fheasacht na Comhairle trínár ról agus trínár n-éachtaí i seachadadh tionscadal agus seirbhísí a chur chun cinn go héifeachtach agus deiseanna rannpháirtíochta feabhsaithe a chur ar fáil.

14. Úsáid na Gaeilge mar mheán cumarsáide sóisialta agus institiúideach a normalú agus deiseanna a chur ar fáil d'fhoireann na Comhairle agus do mhuintir Chontae Chill Dara an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.

15. Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú Bainistíocht Réadmhaoine chun bainistíocht talún, bainistíocht saoráidí agus comhairle chorparáideach ar léasú /éadálacha réadmhaoine agus saincheisteanna gaolmhara a chuimsiú.

16. An Plean Soláthair Chorparáidigh a chur chun feidhme chun luach ar airgead agus comhlíonadh soláthair a chinntiú ar fud na heagraíochta trí oiliúint, monatóireacht agus rialuithe, ag baint úsáid as ár gCóras Bainistíochta Airgeadais.

17. Coiste Rialachais um Thionscadail Chorparáideacha a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar phríomhthionscadail, soláthar, breithmheasanna amlíne agus seiceálacha ar luach ar airgead.

18. Leanúint ar aghaidh ag leabú an Chóid Rialachais Rialtais Áitiúil laistigh den eagraíocht mar chuid den chóras um Bainistíocht Riosca Chorparáidigh.

19. An buiséad ioncaim reachtúil, an Plean Infheistíochta Caipitil 3 bliana agus an Ráiteas Airgeadais Bliantúil a ullmhú chun tacú le seachadadh an Phlean Chorparáidigh.

20. Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú bainistíocht fiachais na Comhairle.



Maigh Nuad, Co. Chill Dara

# Á Chur i nGníomh



# An Plean seo a Sheachadadh

## Rialachas, Cur Chun Feidhme, Tuairisciú



### Cód Rialachais Chorparáidigh d'Údaráis Áitiúla

Áirítear leis an gCód um Rialachas Corparáideach d'Údaráis Áitiúla, a foilsíodh i mí Iúil 2024, seacht bprionsabal atá mar bhonn agus mar thaca ag struchtúir agus cultúr rialachais, a dtacaíonn a gcur i bhfeidhm le muinín an phobail maidir lenár ngníomhaíochtaí.

Tá go leor d'fhorálacha an Chóid i bhfeidhm cheana féin agus cuirfear forálacha nua chun feidhme le linn 2025.

- **Ciallaíonn dea-rialachas díriú ar chuspóir an údaráis, ar thorthaí a sheachadann tairbhí inbhuanaithe don gheilleagar, don phobal agus don tsochaí i gcoitinne agus ar fhís ón údarás áitiúil a chur chun feidhme**
- **Ciallaíonn dea-rialachas luachanna na seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí sheasamh le hardchaighdeáin iompair**
- **Ciallaíonn dea-rialachas go n-oibríonn comhaltaí agus oifigigh le chéile chun comhchuspóir a bhaint amach laistigh de chreat feidhmeanna agus ról atá sainmhínithe go soiléir**
- **Ciallaíonn dea-rialachas cumas eagraíochtúil agus cumas ceannaireachta agus inniúlachtaí na gcomhaltaí agus na n-oifigeach a fhorbairt chun oibriú go héifeachtach agus cuspóir na heagraíochta a chomhlíonadh**
- **Ciallaíonn dea-rialachas cinntí dea-eolacha agus trédhearcacha a dhéanamh agus rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú**
- **Ciallaíonn dea-rialachas dul i dteagmháil go hoscailte agus go cuimsitheach le daoine áitiúla, saoránaigh agus páirtithe leasmhara eile chun cuntasacht phoiblí láidir a chinntiú**
- **Ciallaíonn dea-rialachas rannchuidiú go gníomhach le cur chun cinn agus baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí laistigh den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus d'fhorálacha an Achta um Aeráid a sheachadadh**

## Creat Bainistíochta Feidhmíochta




Leis an bpróiseas buiséadach, **gach bliain**, tugtar deis don eagraíocht agus do chomhaltaí tofa athmheasúnú a dhéanamh ar ár n-acmhainn, lena n-áirítear cinntí amhail athbheartú tosaíochta i ndáil le tionscadail, athdháileadh buiséid nó táillí méadaithe, nuair is gá.

Tacaíonn an buiséad lenár bplean seachadta seirbhíse a fhoilsítear **go bliantúil** a chuireann an Plean Corparáideach chun feidhme, ina leagtar amach cuspóirí bliantúla na Roinne.

**Go míosúil**, sonraítear i dtuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh do chomhaltaí tofa dul chun cinn corparáideach agus áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil Tuarascáil an Phlean Chorparáidigh ar Éachtaí.

Cinntíonn tuarascálacha agus cruinnithe **démhíosúla** na foirne bainistíochta infheictheacht maidir le feidhmíocht ar fud na Stiúrthóireachtaí go léir.





### Monatóireacht agus tuairisciú

**Ciallaíonn dea-rialachas díriú ar chuspóir an údaráis, ar thorthaí a sheachadann tairbhí inbhuanaithe don gheilleagar, don phobal agus don tsochaí i gcoitinne agus ar fhís ón údarás áitiúil a chur chun feidhme**

Leagtar amach sa Phlean Corparáideach tosaíochtaí agus dúshláin a bhfuil eolas orthu. Léirítear sna cúig bliana seo caite, lena n-áirítear Breatimeacht, paindéim Covid-19, agus coinbhleachtaí domhanda, gur féidir le tosaíochtaí athrú ó bhonn. Sa timpeallacht sin, chun athléimneacht agus solúbthacht a choinneáil, tá sé ríthábhachtach monatóireacht agus tuairisciú atá rialta agus láidir a dhéanamh ar fheidhmíocht. Ullmhaítear tuarascálacha rialta ar sholáthar cuspóirí corparáideacha ar gach leibhéal eagraíochtúil.

Tuairiscíonn an Chomhairle freisin ar phríomhphleananna eile amhail an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Plean Forbartha Contae, agus le réimse Nuachta ár suímh gréasáin, preaseisiúintí, agus gníomhaíocht na meán sóisialta coinnítear daoine ar an eolas ó **lá go lá** faoi thionscnaimh thar thréimhse cúig bliana an Phlean Chorparáidigh.

Tá ár bhfeidhmíocht maidir le Táscairí Feidhmíochta earnála an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (bliain bhonnlíne 2023) leagtha amach in Aguisín 4 den Phlean seo.

Foilseoidh an Chomhairle táscairí áitiúla freisin (le haghaidh 2024 mar bhliain bhonnlíne) inár bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2025. Déanfar na táscairí sin a ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, rud a éascóidh tuairisciú ar ár seachadadh cuspóirí corparáideacha *agus* SFInna na NA.

### Luachanna Seirbhíse Poiblí

**Ciallaíonn dea-rialachas luachanna na seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí sheasamh le hardchaighdeáin iompair**

Tá ár luachanna Corparáideacha leagtha amach sa Phlean seo agus tá sé ríthábhachtach seasamh le caighdeáin arda iompraíochta chun muinín an phobail agus cultúr atá oiriúnach don fheidhm a chinntiú.

Nuair a thoghtar iad, faigheann comhaltaí cóip den Chód Iompair do Chomhairleoirí, agus faisnéisiú ar chomhlíonadh an Chóid. Tá prótacal i bhfeidhm ag an gComhairle freisin do ghearáin faoi Chomhairleoirí.

Mar an gcéanna, mar chuid dá n-ionduchtú, faigheann baill foirne an Cód Iompair d'Fhostaithe. Tá Próiseas Gearán um Sheirbhís do Chustaiméirí ann freisin, a chloíonn le próiseas Gearán Eiseamláireach Oifig an Ombudsman. Ina theannta sin, leagtar amach inár gCairt Chustaiméirí agus inár bPlean Gníomhaíochta caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí.

Tá clár poiblí de leasanna is gá a fhógairt, arna bhainistiú ag Oifigeach Eitice na Comhairle, mar bhonn agus mar thaca ag Cóid Iompair.

Ina theannta sin, tá Beartas Frith-Chalaoise agus Frith-Éillithe i bhfeidhm chun calaois agus éilliú a chosc agus a dhíspreagadh.

Foilsítear próisis agus eolais i réimsí na hEitice, na Nochtaí Cosanta agus na Brústocaireachta ar an gcuid Rialachais agus Comhlíonta dár suíomh gréasáin.

## Comhaltaí Tofa, comhoibriú agus acmhainn a fhorbairt

**Ciallaíonn dea-rialachas go n-oibríonn comhaltaí agus oifigigh le chéile chun comhchuspóir a bhaint amach laistigh de chreat feidhmeanna agus ról atá sainmhínithe go soiléir**

**Ciallaíonn dea-rialachas cumas eagraíochtúil agus cumas ceannaireachta agus inniúlachtaí na gcomhaltaí agus na n-oifigeach a fhorbairt chun oibriú go héifeachtach agus cuspóir na heagraíochta a chomhlíonadh**

Cé go n-oibríonn comhaltaí tofa agus oifigigh chun comhchuspóir a bhaint amach maidir le feabhas a chur ar shaol gach duine, déanaimid amhlaidh laistigh de chreat ról sainithe.

Tá ról ríthábhachtach ag ár gcomhaltaí tofa maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chuntasacht na heagraíochta maidir le cuspóirí a bhaint amach agus pleananna agus tionscadail reachtúla a chur chun cinn.

Gach mí déantar cinntí ag cruinnithe poiblí den Chomhairle agus ag Coistí na gCeantar Bardasach. Tá tuilleadh eolais ar na cruinnithe sin ar fáil ar líne.

Tá Buan-Orduithe ann chun cabhair a thabhairt do chomhaltaí maidir le hoibriú éifeachtach agus eiticiúil a gcruinnithe. Chun tacú tuilleadh le trédhearcacht agus cuntasacht, i rith 2024, chuir an Chomhairle seo tús le beoshruthú a cruinniú mhíosúil den Chomhairle.

Léirítear ról forbartha Beartais na gcomhaltaí tofa agus na leasanna earnála sa rannpháirtíocht inár gCoistí um Beartais Straitéiseacha (SPC). Tá tuilleadh eolais ar na Coistí sin ar fáil ar líne.

Tá Aonad Seirbhíse do Chomhaltaí i bhfeidhm ag an gComhairle, a chuidíonn lenár 40 comhalta tofa maidir le gach gné de chruinnithe na Comhairle Iomláine agus na gCeantar Bardasach. Cuidíonn an tAonad freisin le freastal ar chomhdhálacha, oiliúint agus fiosruithe a bhaineann lena ról.

Ina theannta sin, tugann comhlachtaí amhail Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) agus Comhlachas Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA), tacaíocht do chomhaltaí tofa trí thaighde beartais, oideachas agus oiliúint.

Ghlac ár bhFoireann Bainistíochta páirt freisin sa chlár ionduchtúcháin a cuireadh ar fáil do chomhaltaí nuathofa, tar éis na dtoghchán áitiúil i mí an Mheithimh 2024.

Seoladh Tairseach um Ionadaíocht na gComhaltaí ar líne in 2024 chun cur ar chumas na gcomhaltaí uirill a chur isteach agus dul chun cinn a gcásanna a rianú.

**90+**
**cruinniú reachtúil,**
lena n-áirítear cruinnithe míosúla na gCeantar Bardasach agus na Comhairle

**Ár gCoistí um Beartais Straitéiseacha (SPC)**

- Gníomhú ar son na hAeráide
- An Comhshaol agus Seirbhísí Uisce
- Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch
- Tithíocht agus Athghiniúint
- Pobal Áitiúil, Cultúr agus Imeascadh
- Iompar, Soghluaisteacht agus Spásanna

Tá sonraí na gcomhaltaí tofa agus a gcuid eolais teagmhála ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Trínár Rannóg Seirbhísí Digiteacha agus ár bhFoireann Nuálaíochta atá thar a bheith gníomhach leanfaimid de bheith ag déanamh iniúchta ar nuálaíochtaí a thacaíonn le rochtain, ar rannpháirtíocht agus ar éifeachtúlacht seirbhíse, lena n-áirítear comhoibrithe agus úsáid réiteach seirbhíse comhroinnte le húdaráis áitiúla eile, agus ag an am céanna leanfaimid le hinfheistíocht chun cibearshlándáil a chinntiú. Leanfaimid de bheith ag cur le muinín agus le hinniúlacht na foirne freisin trí thionscadail nuálaíochta phíolótacha agus trí leathnú uirlisí amhail Lean Six Sigma.

Chun feidhmíocht na foirne a choinneáil tuilleadh agus chun tacú lena forbairt, tá córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta ar líne á chur i bhfeidhm le linn 2025. Tá tuilleadh eolais maidir le tógáil acmhainne dár bhfoireann le fáil sa Roinn “Acmhainn, Costais agus Daoine”.

## Riosca agus Feidhmíocht a Bhainistiú

**Ciallaíonn dea-rialachas cinntí dea-eolacha agus trédhearcacha a dhéanamh agus rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú**

Tá an eagraíocht freagrach tríd ár gcreat rialachais.

Is feidhm bhreithmheasa neamhspleách agus oibiachtúil é ár nAonad um Iniúchóireacht Inmheánach agus Rialachas Corparáideach a bunaíodh chun seirbhís a sholáthar don eagraíocht trí athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh. Tagann gníomhaíochtaí uile na Comhairle faoi shainchúram na hIniúchóireachta Inmheánaí. Cuimsíonn raon feidhme na hiniúchóireachta inmheánaí, ach níl sé teoranta dóib, iniúchadh agus meastóireacht ar leordhóthanacht agus éifeachtacht phróisis rialachais, bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh na Comhairle.

Tuairiscíonn Iniúchóireacht Inmheánach go hinmheánach agus chuig an gCoiste Iniúchóireachta.

Tá seachtar comhaltaí ar Choiste Iniúchóireachta Chomhairle Contae Chill Dara, lena n-áirítear ceathrar comhaltaí seachtracha, agus triúr Comhairleoirí ar seirbhís. Tá Cathaoirleach an Choiste ar dhuine de na comhaltaí seachtracha. Tagann an coiste iniúchóireachta le chéile ar a laghad ceithre huaire in aghaidh na bliana agus eisíonn sé tuarascáil bhliantúil a chuirtear faoi bhráid na Comhairle.

Tá an tSeirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta freagrach as Iniúchadh Seachtrach na Comhairle. Coinníonn Iniúchóireacht Inmheánach idirchaidreamh leanúnach leis an tseirbhís sin. Ceanglaítear ar an Iniúchóir Rialtais Áitiúil bualadh leis an gCoiste Iniúchóireachta gach bliain chun an tuarascáil iniúchóireachta reachtúil ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) a chur i láthair agus a phlé.

Tá ár AFS agus ár dtuarascáil iniúchóireachta reachtúil foilsithe ar líne.

Tá bainistíocht riosca laistigh den eagraíocht dinimiciúil, rud a chinntíonn go sainaithnítear agus go maolaítear baic ar sheachadadh. Déantar Cláir Rioscaí ar leibhéal na Stiúrthóireachta agus na heagraíochta a athbhreithniú go rialta agus déantar measúnú ar rialuithe.

Tuairiscíonn an Chomhairle go bliantúil ar chomhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí trí Thuarascálacha um Dhearbhú Cáilíochta a chuirtear ar fáil do NOAC.

Cuireann ár nAonad Soláthair comhairle, maoirseacht agus tuairisciú ar fáil ar sholáthar earraí agus seirbhísí trínár bPlean Soláthair, lena n-áirítear Soláthar Glas.

Ó 2019, tá infheistíocht mhéadaithe ag an eagraíocht maidir le sócmhainní a chosaint, a bhainistiú, a fháil agus a dhiúscairt, trí Rannóg leathnaithe um Bainistíocht Réadmhaoine.

Braitheann ár gcinnteoireacht straitéiseach níos mó agus níos mó ar thacair sonraí atá ag síormhéadú, go háirithe an anailís fhairsing ar Dhaonáireamh 2022, trínár gcomhoibriú leis an Ionad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann ag Ollscoil Mhá Nuad.

Tá leathnú déanta freisin ag Comhairle Contae Chill Dara ar a tacair sonraí oscailte fhoilsithe ar www.data.kildarecoco.ie.

## Rannpháirtíocht agus Cuntasacht

**Ciallaíonn dea-rialachas dul i dteagmháil go hoscailte agus go cuimsitheach le daoine áitiúla, saoránaigh agus páirtithe leasmhara eile chun cuntasacht phoiblí láidir a chinntiú**

Is éard atá i gceist le dea-rialachas ná dul i ngleic go hoscailte le páirtithe leasmhara chun cuntasacht agus trédhearcacht a chinntiú.

Chun a chinntiú go bhfuil an pobal ar an eolas faoi chinntí a dhéanann a gcomhaltaí tofa agus faoi phleananna arna gcur chun feidhme ag an gComhairle, foilsítear miontuairiscí uile na gCoistí Ceantar Bardasach, na Comhairle Iomláine agus na gCoistí um Beartais Straitéiseacha ar líne.

Téann ár gcomhaltaí tofa i dteagmháil le páirtithe leasmhara ar go leor bealaí, lena n-áirítear trí bhallraíocht ar go leor coistí eile a léiríonn tosaíochtaí an phobail. Déantar comhaltaí tofa a cheapadh ar bhealach trédhearcach, ar aon líne le reachtaíocht an rialtais áitiúil, ag cruinnithe poiblí reachtúla. Maidir le tuilleadh cuntasachta, tugann comhaltaí a ceapadh tuairisc ar ghníomhaíochtaí do chruinniú na Comhairle Iomláine. Tá sonraí na gcoistí sin ar fáil ar líne.

Comhlíontar riachtanais chuntasachta freisin trínár n-oibleagáidí a bhaineann leis an tSeirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil agus leis an gCoiste Iniúchóireachta, mar atá leagtha amach cheana.

Tuairiscíonn Comhairle Contae Chill Dara don Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) go bliantúil ar Tháscairí Feidhmíochta earnála (Féach Aguisín 4) agus leanann sí de bheith ag sárú oibleagáidí tuairiscithe trí thuairisciú táscairí áitiúla bliantúla, mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ar an bPlean Corparáideach.

Chun cur leis na cineálacha cur chuige traidisiúnta i leith comhairliúcháin, thug an Chomhairle ardán comhairliúcháin ar líne isteach in 2020, agus bhí méadú ar scála na rannpháirtíochta mar thoradh air sin.



Mar fhianaise bhreise ar ár rannpháirtíocht nuálach inrochtana leis an bpobal, bronnadh an Gradam Cumarsáide ar ár sraith Podchraoltaí "Tuiscint ar Phlean Forbartha Chontae Chill Dara" ag Dámhachtainí 2022 um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil a reáchtáil Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann. Ag Dámhachtainí 2023, bronnadh an Gradam Tionscnaimh do Cheantar Bardasach ar Chomhairle Contae Chill Dara dár Seó Bóthair Folláine, i gcomhpháirtíocht le IFA Chill Dara agus Chill Mhantáin Thiar.

Comhoibrímid go gníomhach i nuálaíochtaí ar an leibhéal earnála, trí ghníomhaireachtaí amhail an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ), agus d'fheidhmíomar in 2022 mar shuíomh píolótach chun clárú vótálaithe ar líne a chumasú ar ChecktheRegister. ie. agus, in 2024, mar shuíomh píolótach chun aip vótála a fhorbairt le húsáid ag comhaltaí tofa ag cruinnithe na Comhairle.

Leanfaimid de bheith ag obair leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN), nasc ríthábhachtach idir an eagraíocht agus níos mó ná 700 grúpa i réimsí amhail Ionchuimsiú Sóisialta, Earnálacha Comhshaoil, Pobail agus Deonacha laistigh de Chill Dara.

Ar deireadh, is léiriú é ár gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) ar an gComhairle agus ar phríomhleasanna pobail áitiúil, ar chomhlachtaí, ar ghníomhaireachtaí reachtúla agus forbartha, agus leanfaimid ar aghaidh ag comhoibriú tríd an LCDC chun cur chuige comhcheangailte trasearnála a chur chun feidhme maidir le cláir áitiúla agus cláir forbartha pobail, agus muid ag díriú go háirithe ar na daoine is eisiata.

## Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht a Leabú

**Ciallaíonn dea-rialachas rannchuidiú go gníomhach le cur chun cinn agus baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí laistigh den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus d'fhorálacha an Achta um Aeráid a sheachadadh**

Aithníonn Comhairle Contae Chill Dara go dtugann dea-rialachas tosaíocht do ghníomhú ar son na haeráide, chun muid a chumasú le seachadadh a dhéanamh do na glúnta atá le teacht.

Tá an t-údarás áitiúil seo dáiríre faoina ról ceannaireachta i nGníomhú ar son na hAeráide, mar Phríomhúdarás d'Oifig Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Éilítear le práinn an athraithe aeráide gníomh na sochaí agus na hearnála ar fad i réimsí amhail fuinneamh in-athnuaite, soilsiú poiblí, bainistiú flít, iarfheistiú réadmhaoine, téamh ceantair, taisteal inbhuanaithe, réitigh dúlrabhunaithe, athléimneacht in aghaidh tuilte chomh maith le tógáil acmhainne, oideachais, rannpháirtíochta agus comhoibrithe sa phobal.




*Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil*

D'ullmhaigh an Chomhairle ár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 chun Contae ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a chruthú.

Tá tuilleadh faisnéise ar ailíniú agus ar thuairisciú SFInna na NA leagtha amach sa Phlean Corparáideach.



# Aguisíní

*Páirc Naoimh Conlaith,*
*Droichead Nua, Co. Chill Dara*

# Aguisín 1

## Do Chomhaltaí Tofa agus do Cheantair Bhardasacha

### Ceantar Bardasach: Baile Átha Í

**Veralouise Behan**
Fianna Fáil

**Ivan Keatley**
Fine Gael

**Aoife Breslin**
Labour Party

**Mark Leigh**
Labour Party

**Brian Dooley**
Fianna Fáil




### Ceantar Bardasach: Cill Droichid-Léim an Bhradáin

**Bernard Caldwell**
Fianna Fail

**Claire O'Rourke**
Social Democrats

**Rupert Heather**
Labour

**Lumi Panaite Fahey**
Fine Gael

**Nuala Killeen**
Social Democrats

**David Trost**
Fianna Fáil

**Joe Neville**
Fine Gael






### Ceantar Bardasach: Claonadh-Maigh Nuad

**Tim Durkan**
Fine Gael

**Padraig McEvoy**
Non-Party

**William Durkan**
Fine Gael

**Peter Melrose**
Social Democrats

**Aidan Farrelly**
Social Democrats

**Naoise Ó Cearúil**
Fianna Fail

**Angela Feeney**
Labour Party

**Paul Ward**
Fianna Fail

**Daragh Fitzpatrick**
Fianna Fail

**Brendan Wyse**
Fine Gael




### Ceantar Bardasach: Cill Dara-Droichead Nua

**Pat Balfe**
Social Democrats

**Tracey O'Dwyer**
Fine Gael

**Suzanne Doyle**
Fianna Fail

**Brian O'Loughlin**
Fianna Fáil

**Kevin Duffy**
Fine Gael

**Chris Pender**
Social Democrats

**Noel Heavey**
Fianna Fail

**Robert Power**
Fianna Fail

**Tom McDonnell**
Non-Party

**Shónagh Ní Raghallaigh**
Sinn Féin

**Peggy O'Dwyer**
Fine Gael




### Ceantar Bardasach: An Nás

**Anne Breen**
Labour

**Carmel Kelly**
Fianna Fáil

**Fintan Brett**
Fine Gael

**Seamie Moore**
Non-Party

**Bill Clear**
Non - Party

**Evie Sammon**
Fine Gael

**Ger Dunne**
Independent Ireland



# Aguisín 2

